

CUISLE



AN SPIDÉAL:
Sean agus
Nua

'Féile' na n-Éireann

 Tír Chonaille: Meall an Óige

Beirfidh Ó. ...

... Éireann ...

ISSN 1393-7243



9 771393 724019 12

DANE-ELEC

Memory

Based in Spiddal since 1999, Dane-Elec Manufacturing is a subsidiary of Dane-Elec Memory which has its headquarters in Paris, France.

We Design, Manufacture and Distribute a wide range of memory products for Personal Computers, Notebooks, Workstations, Printers and Digital Cameras (Compact Flash). We manufacture 24 hours a day, thus enabling our customers to place orders and receive finished products the next day at the best market price.

We have sales offices in UK, Belgium, Holland, Germany and France. In the USA, we have a sales & manufacturing facility in Irvine, California. We currently employ 73 people at our Irish facility.

Dane-Elec Manufacturing
Spiddal Industrial Estate
Spiddal
Galway
Ireland

Phone: 091-553000
Fax: 091-553050

Sales: (e-mail): godovan@dane-elec.ie

<http://www.dane-elec.com>

Déantúsaíocht Dane-Elec
Eastát Tionscail an Spidéal
An Spidéal
Co. na Gaillimhe

Teil: 091-553000
Facs:091-553050

DANE-ELEC

Memory



CUISLE

An tEastát Tionsclaíochta,
Casla,
Co na Gaillimhe
Teil: 091 572077
Facs: 091 572076
Ríomhphost: cuisle@tinet.ie

Eagarthóir:
Diarmuid Johnson

Riarthóir:
Veronica Ní Ghríofa

Dearadh:
Caomhán Ó Scolaí
091 572008

Clóchur:
Kilkenny People

Grianghraf clúdaigh:
Cuisle

Scríbhneoirí:
Seán Mag Uidhir, Uinsionn
Mac Dubhghaill, Clare
Ní Shúilleabháin, Darach Ó Scolaí,
John Hughes, Brian Ó Cróinín,
Cathal Ó Cuaig, Anton Mac Cába,
Seosamh Mac Muirí, Dónall
Mac Giolla Easpaig, Antaine
Ó Faracháin, Des Johnson, Caitlín
Uí Anluain, Diarmuid Johnson.



Arna fhoilsiú ag
Foilseacháin an Phobail Teo,
Casla, Co na Gaillimhe.

San eagrán seo



EADRINN:
'£1500 Fine' – Lascaine
dumpála in Uíbh Fháilí;
Fóram na Gaeltachta –
Réabhlóid?; Eagarfhocal:
'Fáilte roimh na
hlmirceánaigh' 5 – 6



**MEALL AN ÓIGE AGUS
FANFAIDH SÍ**
Léigh an suirbhé ar
lucht Ardteiste
Thír Chonaill 8 – 12



**STRAITÉIS AN
ÚDARÁIS GO CEANN
CÚIG BLIANA**
Óráid Ghearóid Uí
Thuathaigh: an óige,
an e-thráchtáil, agus lári-
onaid urbacha – an bhfuil
sé 'déanach
cheana féin'? 13




AN HUNT MUSEUM
Thug **John Hughes**
cuairt ar an Hunt
Museum i Luimneach, agus
bhí lón aige i gcuideachta
**Phicasso, Leonardo de
Vinci, agus Sybil
Connolly** 16



**AN SPIDÉAL: AN SEAN
AGUS AN NUA**
Fáilte go *suburbia* an
Spidéil: an bhfuil an trá
i mbaol? Tuairiscí ar an
bhforbairt agus ar stair
Spiddal House le **Brian
Ó Cróinín** agus
Diarmuid Johnson 20 – 25



SAOL EILE
Labhair **Clare Ní
Shúilleabháin** le John
Ó Duibheannaigh
agus **Micé Ó Dónaill**,
beirt a cuireadh ar na
haontaí hireála sna tri-
ochaidí 26



AN FHUINNEOG
Cathal Ó Cuaig on
Y2K hiccups;
Seosamh Mac Muirí's
been looking into procre-
ation and the
clergy; tank up to
discover new placenames
with **Dónall Mac Giolla
Easpaig**, and who has
won *Cuisle's* holiday in
France? 30 – 35



AN CHLÚID
Tá draíocht na Nollag i
rang na naíonán, ach tá
slaghdán ar Rua bocht:
meas tú an dtiocfaidh
fear an ghuail? 37 – 39


Agus: **Seán Mag Uidhir, Des Johnson, Antaine Ó Faracháin**
Léirmheas **Dharach Uí Scolaí** ar 'Bhanana'
An Nollaig ar TG4
Saoire sa bhFrainc: cé hí an buaiteoir? Féach Ich 30



AT SEA? Read our English summaries and sidebars wherever you find
this symbol

DEIS FREAGARTHA

Is é polasaí na hirise seo deis freagartha a thabhairt do gach duine nó do gach eagraíocht a éilíonn sin, má tá siad míshásta faoin méid a scríobhadh fúthu i g*Cuisle*. Téigh i dteagmháil leis an Eagarthóir, Cuisle, Casla, Co na Gaillimhe, nó cuir ríomhphost chuig cuisle@tinet.ie faoin scéal.



Níor chuir TnaG riamh
aon teora lena mianta...
Leagamar béim ón tús
ar chláir den scoth...
Seo chugainn anois
an saol úr digiteach.

Réabhlóid Éabhlóid
Revolution Evolution

TG4

Súil Eile

<http://www.tg4.ie>



Freagair an Cheist

TIONÓLADH FÓRAM NA Gaeltachta sna Forbacha i lár na míosa seo caite. Tuairim 14 céad fiche duine a d'fhreastail ar *Freagair an Cheist*, an eiléad seisiún, agus breagán faoi na bhfóram sin ar óráid Gearóid Uí Thuathaigh (féach leh 13) lá arna mhárach.

Óráid an-síbilta a bhí na bhfóram, Gaeilgeoiri coinsiasacha ag tacú le tuairim a chéile. Le glúin agus le haicme

laos leith a bhain fóram na dteachtaí: comhluadar nach óg ná sean a bhaineann sí bhreatha as gnó de shuí na Gaeilge. Breis neamhspleáchain don Ghlaichtacht ó thaobh riartha agus pléannala ar teampa a tháinig annas sa bhfóram.

Réabhlóid a bhí ann arís. Dearbhú duine cé a chuirfeas ar réabhlóid i gcionn na bhfóram le h-ádh ar an bhfóram. *Féach leh 13*



Micheál O'Rourke agus Charlie Lennon tar éis choirim cheoil Mhichíl sna Forbacha, Co na Gaillimhe. Bhí 130 duine i láthair sna Forbacha, níos mó ná a bhí ag coirm cheoil Bhaile Átha Cliath. Dúirt 91% díobh 'gur mhaith leo a leithéid a fheiceáil arís'.

Marcus Mac Conghail 'Staten Island'; Éamonn Friel, Dave Duggan agus Maria Ní Chumhaill 'Ag Déanamh an Mhéid is Gá'; Micheál Ó hAllmhúráin agus Siobhán Ní Mhurchú 'Le Chéile'; Gearóid Ó Murchú 'Go Deo Deo'; Nuala Ní Dhomhnaill, Melanie O'Reilly agus Seán Ó Nualláin 'Amhrán na Mílaoise'; Colm Ó Séalaigh 'Fill, a Rún ó'; Joe Mhaoláin 'Colm de Bhailís'; Cliodhna Ní Mhurchadha 'Seachain an Oíche'.

Réalta 2000

TÁ AINMNEACHA na n-amhrán atá roghnaithe do chraobh Réalta 2000 fógraithe ag Raidió na Gaeltachta. Duais £3000 atá ann do bhuaiteoir na bliana seo. Craolfar

an comórtas Dé hAoine 21ú Eanáir. Seo hiad na hiomaitheoirí agus a gcuid amhrán: John Spillane agus Louis de Paor 'Rugadh Orm i gCorcaigh; Aidan Cranny agus Damian Mac Gabhann, Baile Átha Cliath; 'Maighdean na Duaise';

WARNING

£1500 fine for illegal dumping of rubbish

By order Galway Co. Council

Bruscar Uí bhFáilí

Tá lascaire ar dhumpáil bruscair in Uí bhFáilí faoi láthair. Breis eolais ó: (0506) 4 68 00.



Muid Féin

CUIREANN CUISLE FAILTE roimh na heachtrannaigh atá ag lorg dídin agus oibre in Éirinn faoi láthair. Is náir linn an mhoill atá ar an státchóras ag glacadh leo. Bíonn deifir ar an Dáil le rudaí eile: seachtain a raibh na scórtha imirceánach á gcur ó dhoras, vótáladh ar son bhallraíocht na tíre sa PFP. Sin ainneoin na geallúna go mbeadh reifreann ann. Ba scannal é. Lá an vóta, níor chuir RTÉ béim ar an gcalaois thromchúiseach seo in aghaidh an daonlathais. Ba chosúil le cinsireacht stáit é, nó polasáí eagarthóireachta à la *Pravda*.

Déanaimis staidéar ar an Rúis ós ag caint ar *Phravda* é. Tá cinédhíothú á dhéanamh sa Tcheitín. Rinneadh uafás den tsléacht i gKosovó agus sa Timor Thoir. Ach is ionann cás na Tcheitíne. Arm cumhachtach ag díothú mionphobail gan chosaint.

Tugann an IMF (*International Monetary Fund*) cúnamh fial don Rúis. Má thiteann an tóin as an eacnamaíocht ann, tá faitíos ar Mheiriceá go mbeidh iliomad mionstát sa réigiún agus armlón niúclaíoch ag cuid díobh . . .

Tír bheag na hÉireann, tír a d'fhulaing go truacánta

lena linn, is léisean agus lena macasamhail labhairt ar son na dtíortha beaga eile. Níl baol uirthi. Déanfaidh sí maidrín lathaigh di féin. Feaifaidh sí an ghlúin. Tá airgead Iúdáis faighte aici.

Cuimhníodh Éire air seo: tá cuid de mhuintir na Tcheitíne ag triall anall. Iad díbrithe ag ollchumhacht gan scrupall dála go leor de na himirceánaigh eile. Cuimhníodh Éire nach fada ó bhí a clann féin amhlaidh. Cuimhníodh sí nach ndéanfaidh an PFP faic na ngrást do mhuintir na Tcheitíne.

Ní teifeach gach imirceánach dar ndóigh. Ní teifigh muintir na Rómáine ná na Polainne. Níl uathusan ach feabhas saoil, ach oiread leis an deoraí Éireannach. Tá an deoraí Éireannach ag filleadh. Is féidir leis filleadh, mar thug an Eoraip, agus an Ghearmáin go mórmór, na billiúin punt don tír seo ó 1973. Dá gcaithfí an t-airgead sin in oirthear na hEorpa, seans go bhféadfadh muintir na Polainne agus na Rómáine a gcuid a shaothrú le dínit sa mbaile. Ná déantar dearmad go bhfuair muide cúnamh ón iasacht. Fáilte a chuir rompu siúd nach bhfuair, sin cuid den aisíoc.



Cearnaí Reatha,
Nuacht Spóirt,
Cláracha agus scéala
in Cheoil ó 10.30 go
11.00 sa h-Idirnáisiúnta
bhliain FM 97.94
agus FM 101.1 sa
tíre ársa.

Gairdín an tSonais



Leabhar gleoite lán-daite le scéal simplí agus suas le trí amhrán déag á gcanadh ag na carachtair éagsúla i ngairdín draíochta an tsonais – *beacha, lon dubh, frog, seilide, bóin Dé, coiníní, sionnach agus eile*.

Tá dlúthdhiosca (CD) nó caiséad ag gabháil leis freisin ina bhfuil taifead bríomhar déanta ar an scéal féin agus ar na hamhráin go léir. Tá an ceol, idir chliathnodaireacht agus sólfá tónach ag gabháil le gach amhrán sa leabhar.

Gael-Linn a d'eisigh an dlúthdhiosca/caiséad, i gcomhar leis an nGúm, a d'fhoilsigh an leabhar.

**Leabhar agus Diosca nó Caiséad ar fáil ar
£10.50+£2.00 p&p ó**

**Gael-Linn,
26 Cearnóg Mhuirfean,
B.A.C. 2**



Dea-Thuar

Is tuar síochána atá in imeachtaí an Tuaiscirt le tamaillín anuas, ach is saol corrach atá i ndán do chomhrialtas nua go fóill, dar le Seán Mag Uidhir, eagarthóir an North Belfast News.

OCHT MÍ DÉAG. Más mall is mithid. Tá an chuma ar an phróiseas polaitiúil ó thuaidh go mbeidh dul chun cinn ann faoi dheireadh. Braitheann sin ar Chomhairle Pháirtí Aontachtaithe Uladh. Ag scríobh an ailt seo dom, ní fios an féidir le David Trimble a pháirtí a mhealladh. Má b'fhéidir, beidh tús agus dlús le dlárnú na cumhachta ar an 2ú lá den mhí seo.

Tuigeann idir Phoblachtánaigh agus Aontachtaithe gurb é a leas féin an tsáinn a fhuascailt. Tá cuid de na poblachtánaigh iontach neirbhíseach fo dtaobh don mhargadh atá déanta ag a gcuid ceannairí le David Trimble: cé gur ghlac siad le hAontas Aoine an Chéasta, ní mó ná sásta a bhí siad nuair a tháinig sé ar an saol.

Leis an bhfírinne a dhéanamh, níor mhaith le na poblachtánaigh rialtas Stormont bheith ann arís, agus chreid siad go dtiocfadh leo margadh níl'fhéarr a fháil dá seasadh an SDLP an fód leo sna cainteanna i Stormont roimh Aibreán 1998.

Ach is gearr gur thuig lucht ceannais Shinn Féin go gcaithfí an t-Aontas a chur i bhfeidhm, go mórmór nuair a thug muintir na hÉireann tacaíocht dó sa reifreann an mhí dár gcionn. Rinne Gearóid Mac Adhaimh gníomh gan mhoill le go nglacfadh Sinn Féin le leasú ar bhunreacht an pháirtí, rud a chuirfeadh ar a gcumas dul i gcomhrialtas. Ba léir de lucht straitéise an pháirtí nach amuigh ach istigh ba ghá a bheith le tionchar a imirt ar na forais thrasteorann. Agus shíl Sinn Féin gur mhó an trioblóid do na hAontachtóirí glacadh leo agus iad istigh.

Bhí an ceart acu. Má ba chrua do Mhac Adhaimh agus dá chomhghleacaithe agus iad ag brú an

Aontais ar na poblachtánaithe, ba mheasa do David Trimble agus é á bhrú ar a pháirtí féin. Bhí páirtí Trimble sásta an chumhacht a bheith ar ais i Stormont, ach bhí cuid díobh nár mhaith leo an chumhacht sin a roinnt leis an SDLP fiú. Cuid eile, ní miste leo an SDLP, ach níl siad sásta comhoibriú leis na poblachtóirí ar chor ar bith. Cuid eile fós, feiceann siad an tairbhe eacnamúil agus sóisialta a bheadh le deireadh

'Ba léir de lucht straitéise an pháirtí nach amuigh ach istigh ba ghá a bheith'

cogaíochta. Scoilteadh páirtí Trimble. D'fhág ceathrar de na teachtaí tionóil an páirtí i ndiaidh an chomhaontaithe. Agus ba léir sul i bhfad go raibh an ceannaire agus Ken Magennis fágtha fuar folamh ag feisirí aontachtacha Westminster. Bunús na ndaoine thall, ba de sheandéanamh na n-aontachtóirí iad nach n-oibreodh go deo i gcomhar le náisiúntóir.

Ach bhí dream eile sa pháirtí, Dermot Nesbitt agus Reg Empey ach go háirithe, a bhí ag éirí mífhoighdeach leis an easpa dul chun cinn. Ba mhaith leo margadh a dhéanamh a chuirfeadh tús leis na hinstiúidí nua stáit. Cúlra an phobail gnó atá ag Empey agus bhí tacaíocht láidir aige ón lucht gnó atá i measc na n-aontachtóirí. Ba léir go raibh an dream seo ag éirí níba mhífhoighdí de réir mar a cuireadh achtú an Aontais ar athló. Labhair urlabhairithe ón CBI go minic ar na deiseanna a bhí á gcailleadh de bharr moille i mbunú an rialtais.

Le linn an ama sin, bhí Sinn Féin ag géilleadh beagán chomh fada 's a

bhain le díchoimisiúin, agus bhí an t-am ag na poblachtóirí glacadh leis gurbh fhéidir go mbeadh comhréiteach éigin ann. Rinne Trimble margadh faoi dhó le Sinn Féin agus na rialtais roimh an bhfuascailt stairiúil i Mí Bealtaine agus i Mí Iúil na bliana seo.

Chuidigh an dá ráiteas ó Shinn Féin agus ráiteas an IRA go mór le Trimble le deireanas, mar cé nár dhúradh scun scan go bhfuil an cogadh thart, is admháil iad nach bhfuil buntáiste sa gcogaíocht níos mó. Rinne Sinn Féin an obair baile agus ghlac a lucht tacaíochta leis an margadh sular fhógair siad go poiblí é.

Maíonn cuid den phobal náisiúnach gur cliseadh a bhí sa margadh, ach is mionlach beag iad, agus go dtí seo níor chuir siad rogha ar fáil seachas bealach Mhic Adhaimh. Tá Mac Adhaimh agus a lucht leanta ag maíomh gur tús ré nua atá sna rudaí seo leanas: comhpháirtíocht Shinn Féin sa rialtas, na forais thrasteorann, deireadh an RUC, agus an dul chun cinn ar thaobh na gcearta daonna.

Ar ndóigh tá ceist an díchoimisiúnaithe ina dris go fóill. Ach má tá Mac Adhaimh ábalta taispeáint go soiléir don IRA go bhfuil dul chun cinn polaitiúil ann, má thapáinn an rialtas an dímhíleatú, agus más fíor do na tuairiscí go mbeidh suíocháin Dála ann do roinnt feisirí ón Tuaisceart, is cinnte go mbeidh Sinn Féin ábalta cur ina luí ar an IRA agus ar an Ghinearáil de Chastelain gur féidir teacht ar shocrú éigin ar cheist na n-arm. Idir an dá linn cáithfidh Trimble a chuid freasúra féin a shuaimhniú. Ba chuidiú leis ráiteas an DUP, páirtí Ian Paisley, go suífidh siad sa rialtas le Sinn Féin. Tá tuar buansíochána ann. Dea-thuar.

Maidir leis an Suirbhé Seo

SEO SUIRBHÉ ar dhaltáí Ardteiste Thír Chonaill. Scaip *Cuisle* ceistneoir ar an dá bhliain Ardteiste sa cheithre mheánscoil sa chuid is láidre den Ghaeltacht sin; Pobalscoil Chloich Cheannfhaola, Gairmscoil Árainn Mhór, Pobalscoil Ghaoth Dóbhair, agus Gairmscoil Chú Uladh sa Ghaeltacht Láir. Trí chéad agus a dó daltaí san iomlán a d'fhreagair na ceisteanna. Beireann na freagraí léargas dúinn ar na gnéithe dá saol ba mhian linn a iniúchadh. Ní móide gur léargas iomlán é, áfach: tharlódh go bhfuil cuid de dhaltáí Ardteiste Thír Chonaill ar scoileanna eile, scoileanna cónaithe cuir i gcás.

An suirbhé seo, *Meall an Óige agus Fantaídh Sí*, foilsíodh an chéad mhír di i bhFoinse (24ú Bealtaine 1998) áit a ndearna mé cioradh ar na freagraí a thug lucht Ardteiste Chonamara dom ar na ceisteanna céanna. Déanaim athfhoilsiú anseo, ar mhaithe le comparáid, ar an bhfreagra a thug muintir Chonamara ar phéire de na ceisteanna, 'Ar mhaith leat oideachas trí Ghaeilge a fháil tar éis na hArdteiste?', agus 'Cár mhaith leat an chéad phost a fháil?'. Is í an dara ceist seo croí an tsuirbhé. Tugann an t-eolas agus an chomparáid seo leid dúinn faoin scaipeadh agus faoin táthadh a bheas ar an gcéad ghlúin eile de dhúchas na nGaeltachtaí móra. An cheist seo, agus ceisteanna eile an tsuirbhé trí chéile, is fainéis atá ann ar roinnt de na hathruithe a chuirfeas mianta na hóige ar an deimeagrafaíocht in iarthar na hÉireann i dtús na mílaoise.

Guireadh sé cheist ar freagra diúltach nó deimhneach atá orthu. (Féach an painéal thíos)

- An bhfuil Gaeilge ó dhúchas agat?
- Ar mhaith leat oideachas lánGhaeilge don Ardteist?
- Ar mhaith leat oideachas trí Ghaeilge a fháil tar éis na hArdteiste?

- Ar mhaith leat dul chuig coláiste tríú leibhéal?
- An bhfuil TG4 ag freastal ort?
- An bhfuil deiseanna fostaíochta ann duit i dTír Chonaill?

Tá trí cheist eile ann (féach na haltanna cú):

- Cár mhaith leat do chéad phost?
- Cén dá chlár teilifíse is fearr leat?
- Cé acu ab fhearr leat don Ardteist – oideachas lánGhaeilge nó oideachas trí Ghaeilge agus Béarla?

Na Ceantair

IS SNA SCOILEANNA a scaipeadh an ceistneoir, ach is de réir ceantar a deineadh rangabháil ar na daltaí. Ocht gceantar a aithníodh. Seo liosta de na bailte fearainn agus na focheantair atá san áireamh i gceithre chinn díobh: 1) **Gort an Choircé**: Clochcheannfhaola, An Ardaidh Bheag, Doire Chonaire, Mín an Chladaigh, Cnoc Fola, Mín Lárach, An Bhealtaine, Machaire Rabhartaigh, Caol Droma; 2) **Gaith Dóbhair**: Croithlí, Glais a' Chú, Dóbhar, Dóbhar Láir, Dún Lúiche, Mín Doire Dhamh; 3) **Doirí Beaga/Bun Beag**: Glasach, Carraig, Lainneach, Machaire Chlochair, Baile Láir, An Seascann Beag, Mín an Iolair, Machaire Loiscthe, Bun a' Leaca; 4) **Anagaire**: Rinn na Feirste, Mín na Leice, Na Rosa, Carraig Fhionn. Seo iad na ceantair eile: 5) An Ghaeltacht Láir; 6) Árainn Mhór; 7) An Fál Carrach. Bhí dhá cheantar eile a bhfuil líon an-bheag daltaí iontu: 8) Oileán Thoraí; 9) Clochán Liath; 10) Bhí naonar ann nárbh fhéidir a lonnú. Tá mé buíoch de **Chlare Ní Shúilleabháin** a rinne bainistíocht ar an obair, agus d'**Uinsíonn Mac Dubhghaill**, an té a rinne a scagadh ar na bileogá, agus a scríobh an anailís. Mílaois nua, Údarás nua, léas nua: tá súil againn go mbainfear tairbhe as an suirbhé seo agus todhchaí an oideachais agus na fostaíochta á phleanáil.

Diarmuid Johnson

Líon iomlán na ndaltaí 302	Doirí Beaga (59)	Árainn Mhór (27)	Árainn Mhóir (18)	Gaith Dóhair (10)	Gaeltacht Láir (30)
Tá Gaeilge ó dhúchas agam	98.3%	94%	66.6%	100%	44.8%
Ba mhaith liom oideachas lánGhaeilge don Ardteist	40.6%	11%	0%	11.4%	6.6%
Ba mhaith liom oideachas trí Ghaeilge a fháil tar éis na hArdteiste	62.5%	100%	18%	45%	27%
Ba mhaith liom dul ar choláiste 3ú leibhéal	95%	100%	78%	88%	80%
Tá TG4 ag freastal orm	79%	77%	55%	78%	50%
Tá deiseanna fostaíochta ann dom i dTír Chonaill	53%	100%	44%	56%	73%

COISTE GAIRMOIDEACHAIS CHONTAE DHÚN NA NGALL

Seán O'Longain, C.E.O.,
Oifigí Riaracháin, Ard O'Donnell, Leitir Ceannain
Teil: 074-21100 Facs: 074-22439
Ríomhphoist: info@donegalvec.iol.ie

<http://ireland.iol.ie/~donvec/>

*Cuirtear cursaí Teastas Sóisearach, Arteiste, Ardeist
Feidhmeach, Clár Gairmoideachais na hArdeiste
agus cursaí P.L.C. in 12 scoil Gairmoideachais
ar fud an chontae.*

Coláiste Tuarasóireacht na Cealla Beaga:

Mr. Brian Whitelaw, Priombóide.
Teil: 073-31120 Facs: 073-31691

Gartan Outdoor Education Centre:

Ms. Ursula MacPherson, Stiúrthóir.
Teil: 074-37032 Facs: 074-37254

Cúrsaí do Dhaoine Fásta

Ms. Cróna Gallagher, Eagrathóir Cursaí (tuaisceart an
chontae) Teil: 074-24690 Facs: 074-22439

Mr. Martin Gormely, Eagrathóir Cursaí (deisceart an
chontae) Teil: 073-21705 Facs: 073-22921

Scéim Deontas Ard Oideachas

Cuireann an coiste scoláireachtaí VEC agus deontais ESF
ar fáil do scolairí a bhíonn ag feastail ar Coláistí Tríú
Leibhéal, Ollscoileanna agus cursaí PLC

Port a rce	Fál Carrach (43)	Fidh	Toraigh (3)	och th	Ní fios cén áit (9)	Iomlán	Iomlán %
2.6%	52.3%	9%	100%	50%	66.6%	213/299	71%
0.8%	0%	1.5%	0%	0%	12.5%	45/299	15%
1%	31%	5%	0%	0%	28.5%	105/288	36.4%
4%	88%	36%	100%	100%	62.5%	264/298	88.5%
7%	46.5%	36%	100%	100%	44%	183/300	61%
7%	25%	27%	33%	0%	33%	121/300	40.3%

Cár mhaith leat do chéad phost?

CEAPANN 40% den lucht ardteiste i nGaeltacht Thír Chonaill go mbeidh deiseanna fostaíochta ar fáil dóibh sa chontae. Dúirt 23% gur mhaith leo an chéad phost a fháil sa

bhaile, nó ar a laghad ar bith sa chontae. Soilse geala na hardchathrach cois Life a mheallann 11% díobh, agus dúirt 25% eile gur mhaith leo an chéad phost a fháil "sa tír seo". Is mian

le 21% dul thar lear don chéad phost. Bhí 20% de na daltaí nár fhreagair an cheist seo.

Bhí éagsúlacht mhaith sna tíortha a luaigh an dream atá ag iarraidh dul thar lear. Faoi mar a bheifeá ag súil leis, is iad na Stáit Aontaithe agus Sasana an dá tír is mó a luaitear. Ach ní dhéantar dearmad ar Albain, an Iodáil, an Fhrainc, an Ghearmáin, Zimbabwe, Ibiza, agus an Nua-Shéalainn.

Dúirt fear amháin as Gaoth Dóbhair gur mhaith leis dul go Moscó nó Istanbul don chéad phost. Theastaigh ón duine céanna taisteal go Sarajevo chun oideachas tríú leibhéal a fháil.

Cár mhaith leat do chéad phost?

Ceantar	Tír Chonaill	BÁC	Sa Tír Seo	Thar Lear
Dún Fionnachaidh	8 (36%)	2 (9%)	5 (23%)	6 (27%)
An Fál Carrach	10 (23%)	19 (44%)	7 (16%)	7 (16%)
Gort an Choirce	4 (8.5%)	7 (15%)	17 (36%)	14 (30%)
Doirí Beaga	18 (30.5%)	6 (10%)	8 (13%)	12 (20%)
Gaoth Dóbhair	11 (26%)	4 (9.5%)	11 (26%)	8 (19%)
Anagaire	5 (18.5%)	1 (4%)	2 (7%)	3 (11%)
Árainn Mhóir	— (0%)	4 (22%)	4 (22%)	5 (28%)
Gaeltacht Láir	10 (33%)	1 (3%)	8 (25.5%)	5 (17%)
Eile	4 (44%)	1 (11%)	1 (11%)	3 (33%)
IOMLÁN	70 (23%)	33 (11%)	75 (25%)	63 (21%)

Tír Chonaill agus Conamara

I 1998, iarradh ar dhaltaí Ardteiste Chonamara páirt a ghlacadh sa suirbhé seo. Seo comparáid idir na freagraí a thug na Conallaigh agus na Connachtaigh ar dhá cheist: 'Ar mhaith leat oideachas trí Ghaeilge a fháil tar éis na hArdteiste?', agus 'Cén áit ar mhaith leat an chéad phost a fháil?'

'Ar mhaith leat oideachas a fháil trí Ghaeilge tar éis na hArdteiste?'

Conamara

Ba mhaith (63.3%)

Níor mhaith

Tír Chonaill

Ba mhaith (36.4%)

Níor mhaith

'Cár mhaith leat do chéad phost a fháil?'

Conamara

Sa mBaile (57.9%)

As Baile

Tír Chonaill

Sa mBaile (23%)

As Baile



An bhfuil Gaeilge ó dhúchas agat?

IS MINIC é ráite go bhfuil ógánaigh na Gaeltachta ag tabhairt cúil leis an Ghaeilge ach níl ansin ach cuid den scéal. Cé go bhfuil fianaise dhoshéanta ann go bhfuil an Ghaeilge ag dul ar chúl ina measc, tá ábhar dóchais sa léargas a thugann an suirbhé ar phátrún teanga na gceantar, agus ar dhearcadh na n-óg ina leith.

“Tá” an freagra a thug 71% den iomlán ar an gceist, “An bhfuil Gaeilge ó dhúchas agat?” San áireamh anseo bhí daltaí as cuid de na ceantair Ghaeltachta is láidre, agus daltaí ó cheantair níos laige, chomh maith le breis is scór duine a chónaíonn taobh amuigh den Ghaeltacht oifigiúil i nDún Fionnachaidh ach atá ag freastal ar scoil sa Ghaeltacht.

Mar seo leanas a bhí na torthaí do chailíní agus do bhuachaillí sa trí cheantar is láidre, Doirí Beaga, Gaoth Dóbhair agus Gort an Choirce:

An bhfuil Gaeilge ó dhúchas agat?			
	Cailíní Buachaillí Iomlán		
Doirí Beaga	97%	100%	98%
Gaoth Dobhair	95%	86%	90%
Gort an Choirce	85%	80%	83%

Dúirt gach aon duine den triúr daltaí ardeiste as Toraigh a d'fhreagair an ceistneoir go bhfuil Gaeilge ó dhúchas acu, agus duine den bheirt as an gClochán Liath. Dúirt seisear den dream nach fios cé as iad go raibh Gaeilge ó dhúchas acu.

‘Is minic é ráite go bhfuil ógánaigh na Gaeltachta ag tabhairt cúil leis an Ghaeilge . . . níl ansin ach cuid den scéal’

- **Cé acu a leanas ab fhearr leat don Ardteist – oideachas lánGhaeilge nó oideachas trí Bhéarla agus trí Ghaeilge?**
- **Ar mhaith leat oideachas trí Ghaeilge a fháil tar éis na hArdteiste?**

MÁ SCRÚDAÍTEAR na freagraí a tugadh ar an cheist seo a bhain le hoideachas trí Ghaeilge, is léir go bhfuil dílseacht don teanga ag roinnt mhaith daoine.

Níor dhúirt ach 15% den iomlán gurbh fhearr leo oideachas lánGhaeilge don Ardteist, cé gur mhaith le 36% an t-oideachas sin nuair a théann siad ar aghaidh chuig ollscoil nó coláiste.

Ach bhí difríocht mhór idir na ceantair éagsúla. Bhí difríocht áirithe idir cailíní agus buachaillí chomh maith: dúirt níos mó cailíní gur cainteoirí dúchais iad, agus bhí oideachas trí Ghaeilge á lorg ag níos mó cailíní ná buachaillí.


Is díol suime é go bhfuil céatadán chomh ard le 62.5% de na daltaí ardeiste sna Doirí Beaga (35 den 56 duine a thug freagra) ag lorg oideachais trí Ghaeilge ar an 3ú leibhéal. Ábhar machnaimh é sin do Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh – go

háirithe i gcomhthéacs an dualgais reachtúil atá ar an ollscoil sin ó thaobh na teanga de.

Seo mar a bhí:

Ceantar	Oid. lánGhaeilge (Ardteist)	Oid. trí Ghaeilge (3ú leibh.)
Dún Fionnachaidh	4.5%	5%
An Fál Carrach	0%	31%
Gort an Choirce	11%	41%
Doirí Beaga	40%	62.5%
Gaoth Dobhair	21%	45%
Anagaire	11%	30%
Árainn Mhóir	0%	18%
Gaeltacht Láir	7%	27%

Cén dá chlár teilifíse is fearr leat?



Glenn Ceo

LÉIRIÓNN an suirbhé seo go bhfuil dul chun cinn déanta ag TnaG/TG4 i measc dhéagóirí na Gaeltachta i dTír Chonaill. Ní hamháin sin, ach tá an stáisiún óg tar éis RTÉ a chur de dhroim seoil, de réir na bhfigiúirí.

Luaitear naoi gclár de chuid TG4 i measc an 20 ceann is fearr leis na hógánaigh a líon isteach an ceistneoir. Ní luaitear oiread is clár amháin 'déanta sa bhaile' de chuid RTÉ. Cuir an 41 vóta a fuair *Ros na Rún* i gcomparáid leis an dá vóta a fuair *Fair City* agus an aon vóta amháin a fuair *Glenroe*: léiríonn sin an bhearna idir an dá stáisiún Éireannach.

Faoi mar a bheifeá ag súil leis, tá péire de na sobail mhóra eachtrannacha ar bharr an liosta. Ach is díol spéise é gur tháinig *Ros na Rún* agus *C.U. Burn* sa cheathrú agus sa chúigiú áit - chun cinn ar chláracha ar nós *Home and Away*, *Dawson's Creek*, *Neighbours*, *Coronation Street*, *South Park* agus na *Simpsons*.

Leantar le drochscéal RTÉ i réimsí eile chomh maith. Vóta amháin a fuair na cláracha *Léargas*, *Out of the Blue*, *Ear to the Ground*, *Oireachtas Report* agus

News faoi seach. Luaigh duine nó beirt *Top 30 Hits* agus *Don't Feed the Gondolas* - agus sin é é ó thaobh RTÉ de, seachas na sobail eachtrannacha.

Bhí difríocht shuntasach idir na

'Luaitear naoi gclár de chuid TG4 i measc an 20 ceann is fearr leis na hógánaigh'

buachaillí agus na cailíní sna freagraí. Ar an bhFál Carrach, mar shampla, roghnaigh 11 cailín agus 0 buachaill *Ros na Rún*. Sna ceantair ar fad b'iad na cailíní is mó a roghnaigh *Friends*.

Bhí éagsúlacht an-mhór sa phátrún féachana ag na leaids. Roghnaigh cuid acu leithéidí *Vampire Slayer* nó *Match of the Day*, ach bhí lucht leanúna beag ann do *Emmerdale Farm* i measc na bhfear cruu.

Maidir leis na cláracha eile de chuid TG4 a ainmníodh, scóráil na cinn seo a leanas aon vóta amháin: *Cúlábúla*, *Island Cop*, *Cleamhnas*, *Geantraí*. Dhá vóta a fuair *Nuacht*, ach ní fios dúinn an é *Nuacht TG4* nó *Nuacht RTÉ* a bhí i gceist.

Tabharfar faoi deara (féach

painéal mór na dtorthaí) gur dhúirt 61% de na daltaí go bhfuil TG4 ag freastal orthu. Is léir gur thuig siad le freastal go bhfuil fáil acu ar TG4.

An 20 clár teilifíse is fearr

Friends	80
Eastenders	53
Ros na Rún	41
C.U. Burn	40
Home and Away	38
Pop TV	18
Simpsons	16
Dawson's Creek	12
Neighbours	11
Coronation Street	11
Spórtiris	11
Glenn Ceo	8
Ó Bhun go Barr	7
Hiúdaí	7
Ally McBeal	6
South Park	5
Brookside	4
Emmerdale Farm	4
Ard San Aer	3
Olé Olé	3

(Ní céatadán atá sna figiúirí seo thuas, ach an líon uaireanta a luaitear na cláracha éagsúla mar fhreagra nó mar chuid de fhreagra ar an gceist 'Cén dá chlár teilifíse is fearr leat?')

Agus anailís á dhéanamh agat ar na figiúirí seo ar fad, ní mór a chur san áireamh gur roghnaigh roinnt de na daoine péire nó trí cinn de chláracha mar fhreagra ar an gceist, agus níor fhreagair daoine eile an cheist áirithe seo. "Cén dá chlár teilifíse is fearr leat?" an cheist a cuireadh. Roghnaigh thart ar an gceathrú cuid de na daltaí cláracha eile seachas na cinn a liostáiltear sa tábla thuas.

Straitéis

Údarás na Gaeltachta go ceann 5 Bhliana



■ An Ráiteas

Seasfaidh roinnt mhaith de na rudaí a bheas le rá agam anseo mar go bhfuilimidne san Údarás tar éis teacht cuid mhaith machnaimh, analíse agus díospóireachta. Ach níos tábhachtaí ná sin, cuid mhaith den réalité, den timpeallacht, de na cúinsí seasta ina mbeidh an tÚdarás nua ag feidhmiú, tá cuid mhaith díobh san nach bhfuil ag dul ag athrú go ceann cúpla bliain.

Tosnóidh mé leis an chuid is éasca en obair. An ráiteas. Cad é an mhóraidhm straitéiseach atá ag an Údarás? Pobal bisitiúil Gaeltachta, pobal atá sainithe ag teanga, a bhuanú, a neartú agus a fhorbairt. Straitéis chomhtháite forbartha an mhóraidhm, agus gach uile ghné den straitéis sin a bheith teangathuisceanach agus teangadhearfach chomh fada agus a bhaineann sé le sealbhú agus le buanú na Gaeilge mar ghnáthurlabhra sa Ghaeltacht.

■ An 33ú Contae

Cad é go practiciúil atá ag teastáil le tabhairt faoin mhóraidhm san? Le gur féidir straitéis chomhtháite forbartha a bheidh teangadhearfach a chur i bhfeidhm go héifeachtach, is gá go dtabharfaidh aitheantas don nGaeltacht mar aonad amháin. Chomh fada 's a bhaineann sé le beartais stáit i leith cinnithe cumhachtaí, freagrachtaí, feidhmeanna, agus acmhainní. Agus is é sin atá molta le blianta beaga anuas arís agus arís eile ag an Údarás.

Do mholamar é nuair a bhí an díospóireacht ar siúl faoin iarratas chun na hEorpa ar an dá réigiún a bhí i gceist. Agus go sonrath an foirmle a bhí againn a mheasamar a bheith ceart ó thaobh coincheap de ná go bhféachfaí ar an nGaeltacht mar a bheadh an triocha tríú contae in Éirinn ó thaobh feidhmeanna de. Níor glacadh leis sin agus bhí díomá ar an


Údarás. Bhí daoine ann a bhí amhrasach an bhféadfaí an coincheap sin a dhíol leis an mBruiséil, ach ba ghaire do bhaile a tharla an fhadhb. Níorbh fhéidir é a dhíol leis an státchóras againn féin. Ach déanaim amach i gcónaí go bhfuil bntáiste a bheith ag smaoinemh go coincheapúil air sin. Murar féidir linn an coincheap gurb í an Ghaeltacht (an) bunphobal teanga do mhórphobal Gaeilge scaipithe tríd an dtír a chur ina luí ar an státchóras orainn féin, tá fadhb mhór againn. Agus tá. Níl fáilte roimh an gcoincheap sin ag ana-chuid leibhéal den státchóras faoi láthair. Tá cuid den státchóras dall, diúltach, doicheallach roimh an choincheap san.

In sna cúinsí atá i réim fé láthair tá neart áisínteachtaí stáit agus údarais áitiúla ann a bhfuil an phríomhfhreagracht orthu maidir le soláthar seirbhísí atá riachtanach don bpróiseas forbartha. Bóithre, an phleanáil fhisiciúil, tithíochta san áireamh. An bonneagar sóisialta fuinnimh agus cumarsáide. Chomh fada agus a bhaineann sé leis na limistéir Ghaeltachta, is gá go mbeadh ról lárnach ag Údarás na Gaeltachta sna réimsí oibre seo. Tá an tÚdarás sásta taoiseachas tuisceannach a ghlacadh sna réimsí seo i bpáirt le háisínteachtaí eile ach na meicnicíochtaí cuí lena aghaidh seo a bheith aontaithe agus inoibrithe.

■ Ní leor ról comhairleach

Déarfadh mé go practiciúil é. Ní dóigh liom gur leor ról comhairleach a bheith ag an Údarás i réimsí áirithe den ghnó pleanála. Tá foirmle molta ag an Údarás, go háirithe ó 1996 ar aghaidh, in san díospóireacht náisiúnta. Tá slí amach as an rud seo seachas a bheith go síoraí ag éileamh "cumhachtaí nua". Go

Seo a leanas croí na hóráide a thug Gearóid Ó Tuathaigh, Cathaoirleach Údarás na Gaeltachta, ag Fóram na Gaeltachta sna Forbacha ar an 13ú Samhain 1999. An óige an e-thráchtáil agus lárionaid uirbeacha: an bhfuil sé 'déanach cheana féin'?



reachtúil, tá freagracht ó thaobh bóithre agus eile ar áisínreachtaí eile, na Boird Sláinte, Coimisiún an Iarthar agus mar sin de. Is é an rud atá ag teastáil ná go gcuirfí isteach i ngach ceann de sna rialacha agus de sna rúibricí agus den reachtaíocht a bhaineann leis na háisínreachtaí sin clásail nó foráil a dhéarfadh nach gcuirfear na feidhmeanna atá ag na háisínreachtaí sin i bhfeidhm sna ceantair Ghaeltachta *ach* le toil, aontú agus inchur Údarás na Gaeltachta. Is treise fós is féidir an argóint sin a dhéanamh anois agus Údarás nach mór lánthofa do bheith ann. Agus don taifead, údarás lánthofa ar fad a mhol an tÚdarás atá ann fé láthair.

Fáiltím le rudaí atá ráite le déanaí maidir le cúrsaí tithíochta. Aithnímhse athrú meoin á nochtadh maidir le dearcadh na Roinne i leith ról an Údaráis in san réimse seo. Na teoracha agus na tuiscintí faoinar pléadh ról an Údaráis i gcúrsaí sealúis, ról an Údaráis maidir le ceannach talún síos tríd na blianta, is léir anois go bhfuil athmhachnamh áirithe déanta. Tá súil agam go bhfaighfidh an tÚdarás nua an teachtaireacht ana-soiléir go mbeidh fáilte roimis ról dearfach ag an Údarás i réimse na tithíochta faoin réimeas nua.

■ An Chéad Ghlúin Eile

Chomh maith leis na mórthionscail, tá forbairt pobail agus oiliúint agus forbairt daoine agus an chaipitil dhaonna fré chéile. Tá pleananna cuimsitheacha ag an Údarás go dtí an bhliain 2002 a leagann síos na riachtanais go han-tsoiléir. Níl amhras in aon chor ná gur deineadh beart ó thaobh na tionsclaíochta de i réimse na déantúsaíochta de. Caifear díriú air sin fós. Tá gá le tionscail nua a mhealladh agus freastal ar na cinn atá ann. Sin gnáthchúram. Ach anuas air sin, caithfidh muid dul ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile. Agus tá dúshlán mór ansan. Tá dúshlán mór ann maidir le hearcú daoine, maidir le hoiliúint. Na deiseanna oideachais atá ag daoine óga, tugann sé amach as na Gaeltachtaí iad, agus is suarach ar fad an méid díobh atá ag fillleadh le cur fúthu.

Tá bealaí éagsúla inar féidir tabhairt faoin bhfadhb áirithe seo. Is é an rud atá le déanamh ná: beidh dúshraith nua fostaíochta bunaithe ar an eolas a mbeidh cáilíochtaí agus scileanna ag teastáil lena aghaidh. Tá dúshraith nua le cur isteach in sna ceantair Ghaeltachta chun gur féidir linn eacnamaíocht nua-aimseartha, bhisiúil a bheidh sásúil agus dúshlánach do dhaoine óga go bhfuil scileanna nua acu. Mar is léir ón suirbhé a dhain a ERSI don Údarás le gairid, tá mianta nua fostaíochta ag aos óg na Gaeltachta, mianta atá ana-dhifriúil ó na glúnta a bhí ann rompu. Caithfidh muid dul ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile den phróiseas forbartha in san tionsclaíocht féin agus é a bheith bunaithe oiread agus is féidir ar na táirsí nua i gcúrsaí gnó.

Cuireann an chaint sin an duine meánaosta ina chodladh. Cad fén bhfear ar an gcladach, cad fén duine atá ag baile, cad fé sna daoine go bhfuil scileanna traidisiúnta acu? Gan amhras, sin é an dara cuid den scéal. Caithfidh an meascán agus an chothroime cheart a bheith sa straitéis fostaíochta, ag tabhairt san áireamh an phroifíl aoise agus inscne agus an phroifíl mianta atá ag daoine sna Gaeltachta. Is féidir é a dhéanamh.



'Na deiseanna oideachais atá ag daoine óga, tugann sé amach as na Gaeltachtaí iad, agus is suarach ar fad an méid díobh atá ag fillleadh le cur fúthu'.

■ An Eacnamaíocht Shóisialta

Tá an eacnamaíocht shóisialta tagtha chun cinn le ceathair nó cúig de bhlianta anuas. Bíonn daoine ag ceapadh nach bhfuil anseo ach cleas le bheith ag tabhairt ioncaim do dhaoine. Go dtuigeann c'árd is brí le post i monarcha, ach céard is brí leis an eacnamaíocht shóisialta seo. Gur cleas é ag dream atá glic ag iarraidh teacht ar sparán an stáit. Ní fíor. Tá aitheantas anois ann ar fud na cruinne go bhfuil a leithéid de rud ann. Réimsí móra seirbhíisí atá riachtanach don phobal comhaimseartha má tá saol comhdhaonnach, sásúil saibhir le bheith acu, ach nach bhfuil bainteach le tionscail, nó leis an earnáil phríobháideach go hiomlán, agus nach bhfuil bainteach le gnó an stáit go díreach ar an taobh eile.

Mar shampla: cúram do na haosaigh. Mar shampla: plé le cúrsaí ealaíne. Mar shampla: féachaint cad iad na riachtanais atá ag an óige? Sin ceann de na dúshlán is mó go mbeidh ar an Údarás nua aghaidh a thabhairt air. Iomlánú i bhfad níos mó a dhéanamh i leith na hóige in san Ghaeltacht.

Is furasta a rá go bhfuil oiread seo postanna cruthaithe ag deireadh na bliana. Beidh sé níos deacra a mhíniú an tairbhe a bhaineann le cuid den infheistíocht atá le déanamh agus atá déanta cheana féin in san eacnamaíocht shóisialta seo, mar beidh muid ag caint go minic, ní ar chruthú postanna in san ghnáthchiall, ach ar shaibhriú an tsaoil chomhdhaonnaigh le postanna páirtaimseartha nó le straitéisí eile a thabhairt do dhaoine, ach gur buanú pobail seachas forbairt tionsclaíochta is bunaidhm ag Údarás na Gaeltachta. Buanú agus neartú pobail. Is cuid den straitéis sin forbairt thionsclaíoch.

■ Lárionaid Uirbeacha

Seo rud a bheidh conspóideach: caifear cinneadh a dhéanamh lárionaid Ghaeltachta a bheith ina lárionaid uirbeacha ach a choinneoidh timpeallacht atá folláin. Is é sin le rá, má bhíonn amharclann, lárionad spóirt nó áiseanna sóisialta, níor chóir fanúint go dtiocfaidh siad ag daoine príobháideacha. Caifear an rud a dhéanamh ar bhonn pleanáilte. Lárionaid uirbeacha ina mbeidh an Ghaeilge neadaithe ón tús sa phróiseas machnaimh, pleanála, monatóireachta agus cur i bhfeidhm ag gach leibhéal de na seirbhíisí. Caifear sin a dhéanamh as seo go ceann a ceathair nó a cúig de bhlianta. Tá sé déanach cheana.

An dara rud ná na ceantair 'tearcfhorbartha' seo. Dá mbeadh punt agam ar na seisiúin a caitheadh ag dul siar 's aniar féachaint céard iad na bealaí ab fhearr lenár dtreorú isteach in san ceantair ina bhfuilimid ag iarraidh dul, dá mbeadh punt agam ar na huairanta a caitheadh air sin, bheinnse ag caint le Mr Ansbacker mar do bheinn i m'fhear saibhir. Ach admhaím go bhfuil gá le beartais nua. Na tallainn dúchasacha, caifear luacháil éigin a chur orthu siúd. Geallaim daoibh go bhfuil an paisean sin san Údarás.



Nollaig Shona agus bliain nua faoi mhaise do chách ó



ÉAMON Ó CUÍV T.D.

Aire Stát ag an Roinn Ealaíon,
Oidhreachta, Cultúir & Oileáin

'Dún Aimbhigin'
43/49 Bóthar Mespil
Baile Átha Cliath 4

Teil: (01) 6473000 Faics: (01) 6473051

Guíonn FRANK FAHY TD,

Aire Stáit don Roinn Sláinte
& Leanaí,

Nollaig Shona agus Bliain Nua faoi mhaise ar chách



Oifig: An Baile Bán, Gaillimh,
Teil: 091-771020 Facs: 091-771040
Uaireanta Oifige: 9 - 5.30in. Luain - Aoine

Nollaig Shona agus Bliain Úr faoi mhaise ó


PAT 'THE COPE' GALLAGHER M.E.P.

Teil: 075-21276
Facs: 075-21133

Ríomhphost:
patthecopeg@eircom.net



BRONNTANAS NOLLAG?



SÍNTIÚS £25 LE
CUISLE

LASCAINE £5
AR AN DARA SÍNTIÚS

Cuisle, Casla, Co na Gaillimhe

Scéalaí i nDeireadh an Áir

Ding le Seán Mac Mathúna, (Cois Life 1999), £9.99

FÉASTA is ea Banana. Aon duine a bhlaís de Ding (1983) is fada uisce lena chuid fiacla ag fanacht leis an gcnuasach nua gearrscéalta seo ó pheann Mhic Mhathúna. Mar a chruthaigh sé ina chéad chnuasach agus sa dá dhráma leis a léiríodh ar stáitse, 'Gadaí Géar na Geamhoíche' a léiríodh sa Mhainistir i 1992 agus 'Hulla Hul' a ndearnadh an Taibhdhearc léiriú sách lag air, is scéalaí den

scoth é Seán Mac Mathúna. Sna ceithre scéal déag atá sa chnuasach seo tógann sé an churadhmhír athuair.

Ní hamháin nach bhfuil an Mathúnach dall ar laigí an duine, ach arís is arís eile ina chuid gearrscéalta tagann sé ar an máchail, agus téann go domhain síos sa chréacht go n-aimsíonn an fabht sa bhunchloch.

In 'Tomarca an Áir' tá na gasúir scoile ag foghlaim faoi Chath Mharatóin: 'Cad mar gheall orthu siúd gur briseadh orthu?' arsa Desmond. 'Briseadh orthu agus sin deireadh leo,' arsa an manach. 'Briseadh ar na Gaeil,' arsa duine éigin. 'Gael ba ea m'athair,' arsa Desmond. 'Is í an Ghréigis teanga lucht bhuaite, is í an Ghaeilge teanga lucht bhriste,' arsa an manach.

Níl aon leisce ar an Mathúnach labhairt go lom díreach linn. In 'Gadaithe' instear faoi ghasúr a chailleann a dheaido. Seanchaí a bhí sa deaido a fuair bás gan an scéal a bhí á insint aige don ghasúr a chríochnú, rud a d'fhág An Gadaí Rua thuas sa chrann, an crann timpeallaithe ag cait fhíochmhara a bhí ar tí é a stracadh ó chéile, agus an gasúr ag dul ó dhuine go duine ag iarraidh deireadh an scéil orthu. Ach níl na fir áitiúla sásta é a insint dó, nó níl siad in ann. Cloiseann sé caint ar an nGadaí Dubh. Arsa a Dheaido: 'Nach bhfuil a fhios agat gurb é an seanchaí an Gadaí Dubh. Mar tagann sé i measc na ndaoine i rith an gheimhridh agus goideann sé uathu an duairceas lena chuid scéalta. Ar ball brostófar an gadaí dubh deiridh an portach trasna go dtí an teampall. Agus anois tá an oíche fhada ag tuirlingt ar an nGaeltacht, agus go deo arís ní fhillfidh an Gadaí Dubh chun í a ardú leis.'

Scéalaí é an Mathúnach a lonnaíonn é féin i ndeireadh ré, i ndeireadh pósta, i ndeireadh cairdis, i ndeireadh áir. Ní haon Oisín i ndiaidh na Féinne é, ach scéalaí a thagann i dtír ar an teip dhaonna agus a cheiliúran é i bprós deisbhéalach dea-chainteach greannmhar bríomhar nach bhfuil a shárú ar fáil. 'Cad a dhéanfá is doras an iontais ar leathadh romhat ach gabháil tríd, is macalla nua a bhaint as an saol, is bí ag caitheamh na glóire leat mar nach bhfuil an bhliain ite ag na cait go fóill, ná baol air.' Gabh amach agus ceannaigh banana duit féin!

Darach Ó Scolaí

Músaem

John Hughes



IS I gCATHAIR LUIMNÍ sa seanteach custaim atá an Hunt Musaem, seoid ealaíne na Tuamhumhan, foigneamh álainn a tógadh i 1769. Do b'é Duckart, ailtire lodálach, a dhear an teach agus stíl Phalladio á leanúint aige. Deineadh

athchóiriú snasta air i 1997.

Bhí cuid bheag den bhailiúchán ar taispeánt san NIHE i Luimneach ó 1978.


Do b'iad John agus Gertrude Hunt a bhronn an bailiúchán ar mhuintir Luimní. Tógadh John Hunt i Sasana. B'as Luimneach agus an Clár dá mhuintir. Gearmáineach ab ea Gertrude, saineolaí ar an dearadh inmheánach. Toisc go raibh siopaí seandachta acu i mBaile Átha Cliath agus i Londain, bhí deis acu iarsmaí de chuile chineál a



Hunt, Luimneach

chnuasach. Theastaigh ó chlann Hunt go gcoinneofaí an saibhreas seo i Luimneach.

I measc na rudaí ar féidir lán na súl a bhaint astu sa museam, tá gloine daite, potadóireacht, dealbhadóireacht, péintéireacht, feisteas agus go leor leor eile ó thíortha na hEorpa. Ó aois na gcloch go dtí ré na gCeilteach, ón meánaois go dtí ár linn féin: tá breis agus 2000 mír sa



taispeántas, léiriú ar ilspéiseanna agus léargas mór na lanúine. Chomh maith lena bhfuil sa museam, ba iad Gertrude agus John Hunt ba spreagadh do thógáil na crannóige i gCreag na hAbhann, Co an Chláir, áit a bhfuil an Naomh Breandán, bád leathair Tim Severin.

Toisc go mbaineann na hearraí sa Hunt Museum le saol an lín tí, tá an dlúthchaidreamh le brath orthu, agus sócúil na cistine. D'úsáideadh na Hunts cuid de na rudaí luachmhara gach lá agus iad ina gcónaí i Luimneach. Na sceanra agus na soithí seanda a fheictear i gcásanna gloine an tí, bhí siad á smearadh le hanlann go dtí na seascaidí. Bhí rud crochta ar an drisiúr acu: *café* a phéinteáil Picasso sna 1890í i mBarcelona!


Níl museam ar bith eile in Éirinn a thugann léargas chomh daonna dúinn ar cheardaíocht agus ar ealaín na hEorpa. Baineadh preab asam nuair a chonaic mé na potaí cré a deineadh sa mheánaois. Tá siad an-chosúil le cuid de na soithí plaisteacha a díoltar in Atlantic Home Stores. Is iad iarsmaí na meánaoise is mó a chuaigh i gcion orm, ní nach ionadh. Do b'é *Irish Medieval Figure Sculpture* (1974) magnum opus John Hunt. Bhí sé ina chomhairleoir le healaín na meánaoise le Sotheby's i Londain. Bhí an-bhaint aige le hatógáil Bhunratty Castle agus le soláthar an tseantroscaín dó.

I measc na rudaí eile atá le feiceáil sa Hunt Museum, tá cailís, crois agus mítear as Luimneach, a tháinig slán ó chorrail an Reifirméisín. Roimh 1691, i Luimneach na *novenas* agus na mórshiúlta Corpus Christi, caithfidh go raibh na scórtha de na seoda seo ann, scabail naofa agus eile.

Cuireann sé cian orm agus mé ag breathnú ar na hiarsmaí Éireannacha seo nach bhfuil bhfuil iontu ach screamh na hionga. Bhí *murals* mhóra agus dealbhadóireacht adhmaid in eaglaisí na hÉireann roimh an Reifirméisean. Níl fágtha anois againn ach an dealbhadóireacht cloiche. Is mór an cúnamh dúinn an Hunt Museum le cultúr físiúil na hÉireann sa mheánaois a shamhlú.

Mar aon le hiarsmaí na meánaoise, tá pictiúirí le hAuguste Renoir, Jack B. Yeats, Henry Moore agus Roderick O'Connor sa Hunt Museum. Tá dealbh a rinne Leonardo de Vinci, más fíor: capall ag éirí ar na cosa deiridh. *Maquette* atá ann – mionsamhail thriallach – í an-chosúil le pictiúirí capall a tharraing de Vinci. Ós ag caint ar na dealbha é, tá dealbh cloiche Olmec as Meicsiceo ann. Go fiú 's na sceitseanna faisín a rinne Sybil Connolly sna caogaidí, tá siad faoi ghradam ann.

Tá rud a chuirfeas gliondar ar chroí cáich i dteach maisiúil maorga an Hunt Museum i Luimneach.. Bígí ag triall ann. Rud eile, tá bialann den scoth thíos staighre ann agus radharc breá ar an tSionainn. Is é Ciarán Mac Conghail stiúrthóir an Hunt Museum.



Tadhg (Macdara Ó Fátharta) ar chúil cabhantair i Ros na Rún

Ros na Rún

'Chuille Mháirt agus Deardoin ag 8.30in

CÉARD ATÁ le tarlú i Ros na Rún i rith na Nollaig? Rud amháin ina rún, rud eile ina chur i gcéill, agus uisce faoi thalamh ar bun i gcónaí. Tá Sarah agus a deirfiúr Catherine ag teacht ar ais abhaile leis an Nollaig a chaitheamh. Baineann Catherine geit as Séamus nuair a insíonn sí a rún dó. Tá geit i ndán do Shéan freisin nuair a thagann sé abhaile tar éis a bheith ag cruinniú. Agus tá leanbh nua i Ros na Rún an Nollaig seo.

Cead isteach:

An Chéad Chath

Dé Luain 6.12 9.30pm

DÉANANN AN CLÁR seo cur síos ar stair An Chéad Chatha trí súil chaitheamh ar an gcéiliúradh seachtó cúig bliain agus labhairt le baill agus iarbhaill an chatha. Úsáidtear ábhar

cartlainne an Airm féin chun léargas a thabhairt ar obair an Airm i rith na mblianta. Bhí Beairic na Rinne Móire ann ó 1881 go dtí gur bunaíodh an Chéad Chath i 1924. Sa tréimhse sin bhí sé in úsáid ag cathlán de chuid Arm na Breataine, na *Connaught Rangers*. Insítear an scéal le grianghrafanna agus lámhdhéantúsáin i museam na Beairice. Tá roinnt de charachtar an Airm faoi agallaimh, rud a thugann léargas ar an gcomrádaíocht agus an rógaireacht a bhíodh ann sna blianta tosaigh.

Is in ómós do Billy Kedian agus do bhaill eile an Chatha a fuair bás agus iad i mbun dualgais a rinneadh an clár seo.

Fód an Dúchais

CLÁRACHA faoin nGaeltacht as Cartlann RTÉ a mbíonn an-tóir orthu. Súil siar atá ann ar shaol na Gaeltachta le 35 bliain. Rinne RTÉ an tsraith i 1968.



Mad Dog Coll

Bhí clár ar leith faoi Chiarraí, faoin Rinn agus faoi Mhúscraí i gcúige Mumhan, faoi Ghaorth Dobhair i dTír Chonaill agus faoi thrí chinn de Ghaeltachtaí Chonnacht; Iorras i Maigh Eo, Conamara agus Árainn.

Corca Dhuibhne: 23 /12

5.25in

Árainn: 24; 5.25in

Conamara: 27/12; 5.25in

Dun na nGall 28.12 5.25in;

Múscraí 29.12 5.25in –

Breandán Ó hEithir 30.12

5.25in.

Cosa Níte

23 Nollaig 12.05

AN CHÉAD SCANNÁN le Darach Ó Scolaí. Is í Dearbhla Walsh a stiúraigh an *thriller* dúghrinn seo ina bhfuil saint, adhaltranas

agus dúnmharú ag tarlú i dteach tábhairne i gConamara. I measc na n-aisteoirí tá Macdara Ó Fátharta, Máire Ní Mháille, Mary Ryan, Pádraig Ó Loingsigh, Diarmaid Mac an Adhastair agus Pádraig Ó Tuairisg.

Mad Dog Coll

25 Nollaig 10.20in

LÁ 'LE BRÍDE 1932, dúnmharaíodh Vincent 'Mad Dog' Coll agus é ag déanamh glaoch as bosca teileafóin ar an taobh ó dheas de West Twenty Third Street i gcathair Nua Eabhrac. Cuireadh cúig urchar déag ann agus é ag iarraidh Big Oweney Madden a chur faoi dhúmhal.

Tháinig Lottie

a Nollag

TG4



An Chéad Chath



JM Synge

Kreisberger, cailín Choll ar an láthair nóiméid bheaga ina dhiaidh sin go bhfaca sí an corp á thógáil as. Sin é an deireadh a bhí le duine de mhuintir Ghaoth Dóbhair.

Cérbh é Coll agus cén chaoi ar casadh sa trioblóid sin é chomh fada ó bhaile ó na gleanntáin ghlasa? Gaelmedia a léirigh.

Lipservice

24 Nollaig 12.10rn

Scríofa agus stiúrtha ag Paul Mercier

TÁ SEÁN MCGINLEY sa phríomhpháirt, agus foireann aisteoirí óga ó Chill Bharróg i mBaile Átha Cliath. Rinneadh an scannánú ag an bPobalscoil áitiúil i rith laethanta saoire na Cásca. Tá sé bunaithe ar lá Bhéalscrúdú na Gaeilge nuair atá gach duine 'ag labhairt na Gaeilge' ach tá focail agus daoine ar iarraidh! Is é Seán McGinley

atá i bpáirt an Chigire agus na daoine óga faoi scrúdú aige.

Brendan Behan

29 Nollaig 9.25in

BA DHRÁMATÚIL an saol a bhí ag Brendan Behan. An raibh *genius* ann nár tháinig in inmhe mar gheall ar an gclaonadh a bhí ann dul i mbealach a bhasctha? An cáil nó droch-cháil atá tuillte aige? Leagtar béim faoi leith sa chlár seo ar na drámaí Gaeilge a scríobh sé agus tá ábhar cartlainne ann nach facthas in aon léiriúchán eile. Labhrann muintir na Ceathrún Ruaidh faoin am a chaith sé ina measc. Adare Productions a léirigh.

JM Synge

30/12 9.30in

TÁ CUR SÍOS sa gclár tráthúil faisnéise seo ar shaol an drámadóra John

Millington Synge a chaith seal in Inis Meáin, áit a ndeachaigh sé i ngleic leis an bhfriotal álainn cainte a mhúnlaigh sé agus a scaip sé ar lucht féachana forleathan i *Chun na Farraige Síos* agus *The Playboy of the Western World*. Léiriú le Macdara Ó Curraidhín.



Aoife Ní Thuairisg

Féilte Speisialta '99

27.12 7.00in

EAGRÁN SPEISIALTA uair a chloig de Fhéilte '99.

Caitheann Aoife Ní Thuairisg súil siar ar Fhéilte an tsamhraidh ó Thír Chonaill go Trá Lí. Ag Féile an Phobail buaileann sí le réaltanna *West Life*, Midge Ure agus Status Quo. Is i Faing, Co. Luimní a fhoghlaimíonn sí le *Irish Coffee* a dhéanamh, agus ag Féile Spraoi, Port Láirge, tugann sí faoin drumadóireacht leis an bhanna Mugenko. Ag Féile Bhun Chranncha foghlaimíonn sí kayakáil. Leanann muid rósanna Thrá Lí ar thuras traein gaile ag Féile Rós Thrá Lí, ag an bhFéile céanna feiceann muid rás na n-asal agus buaileann Aoife le Brian Kennedy. Tá neart ceoil thraidisiúnta sa gclár freisin, Sharon Shannon ag seinm ag Féile Ealaíon na Gaillimhe agus tugann muid aghaidh ar imeachtaí Fleá na hÉireann in Inis Chórthaigh.



Diarmuid Johnson


An Spid

An Sean agus an Nua

Gach mí, tugann Cuisle sciurd chuig Gaeltacht bheag. An mhí seo, áfach, chlis an carr orainn, agus níor éirigh linn dul níos faide ná an Spidéal. Cén cineál áite é féin?

SRÁIDBHAILE cois trá atá sa Spidéal dhá mhíle dhéag ó ghealachathair na Gaillinnhe. Go dtí na seascaidí, is ceantar tíriúil tuaithe a bhí ann: móin á cruachadh, fataí á gcur, faochain á mbaint. Níor imigh an saol sin ar fad fós, ach idir an dá linn tháinig maidhm an tsaol nua.

Ag tiomáint tríd an Spidéal inniu duit, feicfidh tú a n Bhoir-eann ó dheas agus Árainn siar uait lá tirim, tithe móra ar dhá thaobh an bhóthair, agus an trácht ag scuabadh soir siar. Bus ina seasamh os comhair an Droighneáin



Annach an Spidéil blianta beaga ó shin

Doinn, seans, leoraí mór nó *digger* ag casadh ó thuaidh tigh Phroinsias, agus *camper* ón nGearmáin. Má sheasann tú tamall, tá an séipéal fíordheas ann, cúpla crann nó trí, agus scata mór préachán go glórach ina mbarr. Sin é an sráidbhaile.

Tá an criathrach ann freisin ach na bóithríní a leanacht go Leitir Peig agus Both Loiscthe. Bailte ciúine. Iad teorannach le Maigh Cuilinn: Tulach na nUan, Doire Thoirc agus Sliabh an Aonaigh. Ón sliabh anuas, leanann abhainn an Spidéil an gleann le hais Sheanamhóinín agus Bhothúna. Cas faoin gcoill ansin agus cuir cluais ort féin: tá eas ard, fuinniúil ann a bhfeictí na scórtha bradán ann lá den tsaol.

Ach oiread le háit ar bith dá áille, bíonn tuirse ar dhaoine a chónaíonn ann. Casadh dom fear agus mé ag ól mo phionta. "Cé as thú?" a deir sé. "Gaillimh," ar sa mise. "Nach aoibhinn Dia duit, níl gaol agat le duine ar bith thart anseo." Taitníodh leis an bhfear céanna nó ná taitníodh, is duine den treibh é.

Casadh fear eile orm tigh John Enda an búistéara, go ndéana Dia grásta air. Boladh óil air, caipín agus

éadan buí rocach. Thug sé breathnú meisciúil orm: "In my younger days," ar sé, "I created the stars. I had many dogs . . . and children."

Ní minic a chloifeá filíocht *extempore* i gCois Fharraige feasta. B'fhéidir go gcloisfeá feidhmeannach Meiriceánach ag caint ar rátaí táirgíochta i mbialann an Bholuisce. Seanbhean ag casaoid ar scoilteacha ag an *mbus-stop*. Scata scoláirí ag fógairt go dána i mBéarla ag geataí na meánscoile.

An sean agus an nua, iad taobh le taobh, iad glan ar a chéile, sin é saol an Spidéil sa lá atá inniu ann. Tá meirg ar an speal san iothlainn, agus is iomaí teach faoin am seo a bhfuil an dara 's fiú an tríú carr ar an tsráid ann, agus *microwaves*, reoiteoirí agus *videos* ag daoine a dtéadh a muintir cosnócht chun an chladaigh.

Ach má tá athrú ar gach ní, níor tharla athrú teangan anseo fós. Cloisfidh tú Béarla, go mórmór ar an sráidbhaile, faoi mar a chloisfeá leathchéad bliain ó shin. Tá stráin-



Teach de chuid na línne seo

éaí



Sráidbhaile an Spidéil mar atá inniu séaraí ina gcónaí san áit. Ach tá aicme nua Gaeltachta i gceantar an Spidéil nach bhfuil a macasamhail in áit ar bith eile. Is meánaicme Gaeltachta iad.

MEÁNAICME NUA

MURACH AN MHEÁNAICME seo, is beag seans a bheadh ann stop a chur le meath na Gaeltachta. Tá oideachas orthu. Cleachtann siad léamh agus scríobh, léamh agus scríobh na Gaeilge fiú. Tuilleann agus caitheann siad a dtuarastail san áit, agus tá seasmhacht saoil acu. Tá sé níos tábhachtaí meánaicme bheag agus roinnt cumhachta acu a bheith ag labhairt mionteangan, ná slua mór gan treoir.

Bíodh 's nár tharla an t-athrú teangan, is millteanach an t-athrú ar Chois Ferraige atá san athrú aicme. Tá folús ann dá bharr. Ní cultúr meánaicmeach *per se* atá san áit. Níl ceantar cathrach *per se* atá ann (féach 40 Míle san Uair.) Níl aon áiseanna ann i gcomhair ealaíontóirí. Níl aon amharclann ann, agus is deacair le drámaíocht na háite gan a bheith paróistíúil. Is beag áit ar fad ar féidir éisteacht le ceol sa gceantar. Níl siopa leabhar ar bith i gCois Ferraige.

Ar an taobh eile den scéal, tá an seanchultúr ionann is imithe. Ní insítear an scéal fiannaíochta. Castar corramhrán, ach go foirmeálta. *Suburbia* atá i gCois Ferraige anois.

40 míle san uair

De réir phlean forbartha Chontae na Gaillimhe, is "urban area" cuid mhór de Chois Ferraige, agus is de réir luas na gcarrannaí a ceadaítear tógáil títhe. Seo spleáchadh ar ghné de phleanáil na tíre.

Céard is baile nó cathair ann? Áit a bhfuil go leor títhe? Áit a bhfuil oiread seo daoine *per mille* cearnach? Áit a bhfuil oifig polst, scoil, siopa agus séipéal in alce le chéile, garáiste, ospidéal, pictiúrlann, linn snámha, agus beaíric na ngardaí? Ní hea, mo léan.

"Urban areas," arsa Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 1997-2002, "comprise all unzoned towns and villages as defined by their 40 mph speed limit zones (or 30 mph where 40 mph limits do not exist)." Ní le daoine agus cónaí a bhaineann an rud is baile ann mar sin, ach le carranna agus luas. Teist mhaith ar chultúr na linne: *homo automobilis* seachas *homo erectus*.

Ceantar an Spidéil, más ea, an baile nó tuath é? "Urban areas," arsa an plean, "comprise the following towns and villages: Portumna, Oughterard, Oranmore, Maigh Chullinn, Bearna, An Spidéil, Claregalway . . ." Agus téimis níos faide leis an scéal. Ón Lochán Beag soir soir go Gaillimh, ní ach míle bóthair, ó Bhaile an tSleibhe go Doire Locháin i bparóiste an Spidéil, nach bhfuil i limistéar an 40 san uair. "Urban area" dá bharr sin an chuid is mó de Ghaeltacht Chois Ferraige ar an R336 'bóthar an Rí' mar a tugtar fós air.

Ar na bóithrínní baile, taobh ó thuaidh agus taobh ó dheas den R336, ar an taobh eile den scéal, ní an 40 san uair i bhfeidhm. De réir díf mar sin, tá cead 60 míle san uair ar na bóithrínní beaga, cúnga . . .



Ón Lochán Beag Indreabhán, soir go Gaillimh, ní ach míle bóthair — idir Baile an tSleibhe agus Doire Locháin — nach bhfuil ina "urban area"

Tá an-íonchar ag na rialacha a bhaineann le tionscail carranna ar fhorbairt na títhlocha sa gceantar. Ó tharla gur ar feadh an phríomhbhóthair atá an "urban area", is ar feadh an phríomhbhóthair atá an tógáil mhór a ceadó in oirthear Chois Ferraige. Tá na títhe á dtógáil le binn a chéile - *ribbon development*. De bharr an ribín títhe taobh ó dheas den bhóthar, ní feiceáil ar an bhferraige mar a bhíodh. De bharr na títhe nua a bheith buailte leis an bpríomhbhóthar, bíonn baol timplistí ann, ní ainneoin na luasteorann, ach mar gheall virthi.

Níl ansin ach cuid de. De bharr oiread títhe a bheith chomh cóngarach den bhóthar, ní orlach ann leis an bóthar a leathnú. Ag cúngú atá an bóthar go deimhín, mar is gá cosáin a thógáil do na coisithe. I dtíortha a mbíonn plean ceart pleanála ann, ní ar feadh an phríomhbhóthair a déantar na cosáin. Agus i gceantar an Spidéil, tá go leor seanchosán idir na garrantaí i bhfad ón mbóthar a d'fhéadfaí a chóiriú.

B'fhéidir gur gá bealach na coisithe a bheith sa mullach ar an trácht ionas gur féidir leo na comharthaí a léamh: go foirmeálta, ar ndóigh, dá mbeadh cosa sách fada fúthu, baineann an luasteora 30 nó 40 míle san uair le *homo erectus* chomh maith le *homo automobilis*.

Céard a cheaptadh *homo sapiens* den scéal?

Ó thuaidh de shráidbhaile an Spidéil i measc na gcrann, plásóg féir os a chomhair, ceol na habhann agus na n-éan ann, tá teach mór Bhuckley. 'Beware of the Dog' a deir an comhartha. Níor leor sin le bac a chur ar **Bhrian Ó Cróinín**. D'fhiosraigh sé scéal an tí.

AN TEACH MÓR

Ba le muintir Uí Fhlaithearta, uaisle Gael, cuid mhór de thaltaí an Spidéil sula bhfuair George Morris de shliocht Normánach na Gaillimhe seilbh ar an áit le cleamhnas. Is duine de na Morrises, Martin, a thóg an chéad teach mór nuair a chuir sé faoi sa Spidéal beagnach dhá chéad bliain ó shin i dtús na naoú haoise déag. Teach Bhothúna, *Bohoona Lodge*, a tugadh air. Taobh thiar den abhainn a thóg sé é.

Michael an mac ba shine le Martin Morris, agus is eisean a fuair an teach le hoidhreacht in 1862. Toghadh é ina fheisire parlaiminte do Ghailimh i 1865 i dtoghchán nach raibh lán-daonlathach. Dlíodóir ab ea Martin Morris, agus is é a bhí ina Phríomh-Bhreitheamh i nGaillimh ó 1887 go dtí 1889.


Cheannaigh Michael Morris An Spidéal thiar agus sráidbhaile an Spidéil ar £2500. Uaidh sin amach go dtí lár na haoise seo, bhí muintir Bothúna ina dtionóntaí ag na tiarnaí talún. Fostaíodh go leor díobh ar an eastát, ina ngarraíodóirí agus ina mbáillí, mar shampla. D'íocaidís an tuarastal ar ais ina chíos.

In 1867 chuir Michael Morris £300 ar fáil le hobair tógála a dhéanamh ar chéibh nua an Spidéil, airgead mór ag an am. Ábhar conspóide a bhí i suíomh

na céibhe: cheap go leor gur cheart í a thógáil i gceantar an Chnoic, trí mhíle níos faide siar.

Tógadh teach níos mó agus níos galánta, *Spiddal House* thart ar 1890. Tógadh droichead nua le bealach a dhéanamh isteach san eastát ó bhóthar Mhaigh Cuilinn. Tá an droichead sin ar an eastát fós. Is i 1679 a tógadh droichead an tsráidbhaile.


D'fhostaigh an tiarna talún beirt, John Collins agus Joe McGinn le tabhairt faoin obair thógála. Sin beirt a raibh láimh acu i dtógáil an tséipéil i 1908. Phós Collins iníon mhuintir Mhic Dhonncha a raibh teach tabhairne acu áit a bhfuil Tigh Hughes anois. Phós an chomhoibrí iníon Tuppence Breatnach a raibh teach ósta eile acu áit a raibh an Crúiscín Lán go



dtí an mhí seo caite. Maraíodh Collins i 1908 nuair a thit sé de thúr an tséipéil áit a raibh sé ag obair.

Bhronn na Sasanaigh an teideal Lord Morris ar Mhichael Morris i 1889, agus roghnaigh sé an teideal Lord Killanin don mhac ba shine leis, Martin (1867-1927). Fuair Michael Morris, Lord Killanin, an teideal, an teach mór, an *coach-house*, gairdíní an eastáit agus 33 acra talún i 1901.

Toghadh é ina fheisire parlaiminte i 1900. Chuir sé cruinneog - *dome* - ar an teach i 1910, agus d'fhan W.B. Yeats



An leac os cionn doras an tí



agus Lady Gregory ann, chomh maith le hArthur James Balfour, Príomh-Rúnaí na hÉireann. I 1908 tógadh séipéal an Spidéal ar chostas £5500 agus chuir Morris £1600 ar fáil i gcomhair na hoibre.

I 1919 le linn Chogadh na Saoirse, tháinig cor i saol na polaitíochta agus i stair na dtithe móra araon. Lean an IRA sna blianta sin le feachtas in aghaidh na dtithe móra mar gheall ar dhílseacht na dtiarnaí talún do Shasana, agus toisc gur chabhraigh cuid díobh le hArm na Breataine in aghaidh na gluaiseachta náisiúnaí. Níor deineadh aon dochar do theach mór an Spidéil aimsir Chogadh na Saoirse, ach ní mar sin a bhí i rith an Chogadh Chathardha. San earrach i 1923, tháinig idir 30 agus 40 ball de Bhriogáid Thuaisceart na Gaillimhe agus dódh Spiddal House. Bhí fear an tí sa bhFrainc an oíche sin.

Nuair a d'éag Martin Morris i 1927, is mac dearthára leis, George, a fuair seilbh ar an teach cé nach raibh ann ach scorach. Chuaigh sé le

hiriseoireacht ar feadh tamaill gur thóg an teach as an nua sna tríochaidí. Throid sé in arm na Breataine sa Dara Cogadh Domhanda agus nuair a d'fhill sé ar an Spidéal chuir sé an teach ar fáil don stiúrthóir cáiliúil John Ford a bhí i mbun an *Quiet Man*. D'fhan Ford, Maureen O'Hara agus John Wayne sa teach ó am go chéile fad a bhí an scannán á dhéanamh.

Dhíol Lord Killanin an teach i 1959 le John Buckley, Meiriceánach, ar £29,000. Shíl na Killanins an áit a bheith rómhór dóibh féin, agus d'athraigh siad ó dheas go dtí an teach a bhí ag an ministéar Protastúnach tráth ar le Johnny Morris agus Thelma Mansfield anois é. Bhí monarcha téiteoirí *paraffin* ag Buckley i nGaillimh. Chónaigh an tUasal Buckley sa Spidéal nó gur scar sé lena chéile, Mebel, i dtús na n-ochtóidí. D'fhan sise ann ina haonar ar feadh roinnt blianta. Tá cónaí uirthi i nGaillimh anois agus aithneoidh muintir na háite fos í nuair a thugann sí an chorrsciúird siar.

'Anyone for tennis?' Samhail d'imreoir leadóige greanta sa gcloch

Bhí ceangal gnó ag Buckley leis an bhFrainc ó bhí sé in arm Mheiriceá ann sa Dara Cogadh Domhanda, agus thagadh cairde gnó leis go Spiddal House chun fiach ar na tailte fairsinge a bhí ina sheilbh ón Spidéal suas go Maigh Cuilinn. Bhí seomra gunnaí i Spiddal House, agus thug baill den IRA go leor gunnaí leo nuair a bhris siad isteach ann i dtús na seachtóidí.

D'fhan na Waterboys ann i ndeireadh na n-ochtóidí agus i dtús na naochaidí nuair a bhí siad i mbun oibre ar *Fisherman's Blues*, an ceirnín ba cháiliúla leo. Bíodh 's gur fhostaigh siad suas le cúig dhuine dhéag idir lucht slándála agus lucht cistiní ar feadh bliana, níl ar *Fisherman's Blues* ach cúpla treaic a taifeadh sa Spidéal.

Is Gearmáinigh a cheannaigh tigh Bhuckley, Spiddal House, agus an talamh i 1996. Bhí rún acu stiúideo ceoil a chur ann, ach níor tháinig sin sa saol. Rinne na Gearmáinigh dochar don áit: chuir siad isteach fuinneoga PVC nach luíonn le stíl an tí. Fad a bhí an teach acu, leagadh cláí an-deas a bhí timpeall ar an ngairdín beag taobh leis an teach. Chomh maith leis sin, leagadh an chistin agus na stáblaí a bhí ar chúil an tí. Is cosúil nár fhan na Gearmáinigh sa teach mórán agus díoladh arís é i 1998.

Tá Spiddal House, an talamh agus na crainnte breátha i seilbh Dhónaill Standúin anois. D'fhéadfá a rá go bhfuil sé i seilbh duine ón áit don chéad uair. Tá an tUasal Standún ag cur plean le chéile maidir leis an úsáid a bhainfeadh as an teach. Tuigtear do *Chuisle* go bhfuil 'riachtanaisí Gaeltachta' á gcur san áireamh aige. Guímid rath air.

Buíochoas le Maidhc P. Ó Conaola, Máirtín Ó Curraoin, Joe Folan, Séamas Ó Cualáin agus an tAthair Ó Cadhain, An Spidéal.

'Ní leor' £50,000 le Trá an Spidéil a Shábháil

Ceadaíodh £50,000 le teabhas a chur ar chóras séarachais an Spidéil, ach cén forbairt atá i ndán don bhaile go fadtearmach?

TÉANN SEARACHAS an Spidéil i bhfátraige agus gan glanadh ar bith á dhéanamh air. Bunscóil na gcáilíní agus na mbuachaillí, an mheánscoil, na lithe ósta agus lithe nach iad; téann a gcuid séarachais ar fad amach ar an taobh. As piobáin éagsúla a bhíonn sé ag scaitheadh agus is ó dhéas d'óstán Cheol na Mara le hais na trá atá an piobán is mó díobh. Tá drochbhaill ar an bpiobán sin, ní sé sách fada, agus nuair a dhíorn an fhátraige lag, ligeann sé a chuid bréanadais amach ar na carraigeacha.

Dea-scéal más ea go bhfuil £50,000 ceadaithe ag Comhairle Contae na Gaillimhe leis an gcóras séarachais a fheabhsú. Ach, "ní leor é," arsa Seán Ó Naachtáin, Comhairleoir Contae An Spidéil. I léthair na huair, tá eastát nua tithíochta á thógáil ar bhaile an Spidéil. Dóir dlíthe deag ar dhéas sa Tulán Cleasach. Curfidh na lithe nua seo leis an searachas. Tá baob ann do mbaintear an

brat gorm den trá.

D'admhaigh Evan Molloy, Imeachtóir ceantair na Comhairle Contae, go bhfuil deacracht sa Spidéil le tamhl. "Bíonn fadhb ann ó am go chéile de bharr go gcuireann daoine gréis sa gcóras. Cuireann an ghréis bac ar an searachas agus tagann sé amach gar don trá dá bharr." Tuigtear dúinn go gcaifead cuid de £50,000 na Comhairle Contae ar ghaistí gréise - grease-traps.

'Dá mbeadh córas séarachais lánsásúil sa Spidéil, cén forbairt a cheadóidh an Chomhairle Contae ann?'

Ó CEADAÍODH an £50,000 is gé ceisteanna eile a chur. Ceantar urbach atá sa Spidéil (féach 40 Míle san Uair). Is cuspóir le plan an chontae "to provide for the land use and development needs of the Galway City satellite villages of Oranmore, Bearna, An Spidéil, Maigh Chuilinn and Claregalway". Dá mbeadh córas séarachais lánsásúil sa Spidéil, cén forbairt a cheadóidh an Chomhairle Contae ann?

Baineann an cheist phríláimeach seo le bord nua Udarás na Gaeltachta agus leis an gcomhábairt le dá bharr na Udarás agus

an Chomhairle Contae mé tá an forbairt chuí le déanamh ar bhaile an Spidéil. Sa bplean contae a bheas i bhfeidhm go dtí 2002, admhaítear an dá áisinteacht a bheith ag teacht salach ar a chéile. "All villages could develop contemporaneously (sic), if sanitary services were made available. However, accelerated growth in the Gaeltacht villages of Claregalway, Bearna, Maigh Chuilinn and particularly an Spidéil may not be in the interests of the development policies for the Irish language which are being promoted by Roinn na Gaeltachta and Udarás na Gaeltachta (6.2.1)."

Tá plan nua an chontae ar na bocáin faoi láthair, agus is gá don Udarás bualadh ar an doras láithreach má tá an Spidéil le bheith ina bhaile Gaelach. Ná fágtar rogha an dá dhlog againn; baile mór gallda agus córas ceart séarachais ann, nó baile leathGhaerach agus forbairt lochtach deanta air.

Is ionann fadhb an Spidéil agus fadhb bhaile na Gaillimhe; forbairt gan phleanáil. D'fhéadfaí a mháirimh gur beagán atá i gceist le searachas an Spidéil, ach cionte ní beag beagán mé mholfaí an stadadh agus cúl na h-áirde a bharr.



pic: DJ

Innealtóirí Leictreonacha ag teastáil sa nGaeltacht!

An Innealtóir Leictreonach thú?
An mbeadh suim agat obair sa nGaeltacht?
An mbeadh suim agat i bpost ard-theicneolaíoch?

Seo do sheans!

Tá 3Com lonnaithe sa Spidéal i gceartlár na Gaeltachta, ach fós i bhfoisceacht 10 míle de chathair na Gaillimhe.

Tá taighde & forbairt dá dhéanamh ar earraí ard-theicneolaíoch mar sliseanna sileacan (ASIC), chomh maith le bog-earraí i gcomhair líonraí ríomhaireachta.

Ó bunaíodh 3Com sa Spidéal bliain ó shin, tá ár gcéad dearadh silicean curtha i gcrích againn cheana féin. Táimid ag tosú faoi láthair ar thionscnaimh nua chun cumas a thabhairt do líonraí an luas cumarsáide is airde sa domhain a bhaint amach.

Má tá suim agat páirt a ghlacadh sa bhforbairt dúshlánach seo, seol chughainn do CV — táimid ag lorg daoine le céim láidir onóracha san Innealtóireacht leictreonach, Fisic, nó Eolaíocht Ríomhaireachta.

Gach eolas ó: **Tadhg Ó Críodáin,**
Teach an Mhainéara,
Baile an tSagairt,
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe



Ephost: Tadhg.Creedon@3Com.com
Fón: 091-558090 ná 553889
Facs: 091-558060.
Idirlíon: <http://www.3com.com>

Tigh Hughes

AN SPIDÉAL

*Guíonn muid
Nollaig Shona agus
Athbhliain fé mhaise
ar ár gcairde go léir*


CEOL, CRAIC
AGUS DEA-CHOMHLUADAR

Bardas na Gaillimhe

Halla na Cathrach,
Bóthar an Choláiste
Gaillimh


*Ag obair
ar son forbairt
na Cathrach*

Teil: 091-568151
Facs: 091-567493



Cuisle

An bhfuil do shíntiús agat?



fear an tae

Léirithe ag Peadar Ó Treasaigh

DÉ HAoine 10Ú + DÉ DOMHNAIGH 12Ú NOLLAIG 8:00LN.
Coláiste Chonnacht, An Spidéal



Saol


FEICFIDH TÚ PÁISTÍ óga an lae inniu ag súgradh thart fán dealbh cré-umha atá i gcearnóg Leitir Ceanainn. Scaifte páistí atá sa dealbh, cuma bhocht, dhearóil orthu. Leacht chuimhneacháin atá sa dealbh seo do pháistí Thír Chonaill a bhailíodh le chéile in éineacht lena muintir aimsir an *Hiring Fair* faoi dhó sa mbliain.

“Bhíomar mar eallach ar aonach,” arsa Micí Ó Dónaill. “Thoisíodh an mhargántaíocht díreach mar a bheifeá ag ceannach bó, d’athair agus an feirmeoir ag titim amach lena chéile. D’iarrfaí ort siúl suas agus síos le déanamh cinnte nach raibh máchail ort. ‘Ní tú an gnóthach’ a deiridís leat ar deireadh, agus d’imigh tú leat leis an stráinséir, ceangal oibre ort go ceann sé mhí.”

Sin í an chuimhne atá ag Micí Ó Dónaill atá ina chónaí ar an Ghlaisigh i nGaoth Dóbhair ar a chéad chuairt ar an aonach hireála. B’in í an chéad uair do Mhicí ar an mórhír. Is as Inis Meáin dó. Fachtas dó gur saol eile a bhí i Leitir Ceanainn, siopaí agus daoine as cuimse ann.

Faoi Shamhain agus faoi Bhealtaine a bhíodh na haontaí ann. Bhídís i nDún na nGall, i Leitir Ceanainn, i nDoire, sa tSraith Bháin agus i mbailte móra eile an tuaiscirt. Tugtaí na *rabble fairs* orthu chomh maith. Lá mór óil agus scléipe a bhíodh ann do na feirmeoirí i ndeireadh an tséasúir. Lá mór freisin do na páistí a bhí tar éis séasúr fostaíochta a chur díobh.

Bhíodh idir lúcháir agus cumha ar na páistí an lá sin. Iad ina seasamh lena muintir ar thaobh na sráide. An chuid ab óige díobh agus gan iad ach naoi mbliana d’aois. An chuid ba shine agus iad cúig bhliana déag. Bhí

 Until the late thirties, generations of children from the Donegal Gaeltacht were introduced to emigration at the bi-annual hiring fairs in Letterkenny, Strabane, Derry and Donegal. Uprooted from a closeknit community, many were lead bewildered into a world of foreign language and religion. The Lagan valley was a common destination for hirlings aged eight to fifteen, and there they earned a modest wage to feed their younger siblings in Glenties and Gaoth Dóbhair. Gathering together when occasion arose, the Gaeltacht children would talk of hardship, and of longing to return home. Some set out in despair. Most stayed, became hardened, and earned their passport to Scotland where they would later seek the means to return to Tír Chonaill and complete the cycle. **Clare Ní Shúilleabháin** spoke to Micí Ó Dónaill and John Ghráinne Ó Duibheannaigh, two sons of the northern Gaeltacht who quickly became men.

Eile

Deoraíocht agus cruatan, mochéirí agus uaigneas: más crua a thuill páistí Thír Chonail scilling ar an Lagán i dtús na haoise, bhí faoiseamh ag a muintir dá bharr: chuaigh Clare Ní Shúileabháin chun cainte le Mici Ó Dónaill agus le John Ghráinne Ó Duibheannaigh faoin seal a chaith siad ar aimsir le linn a n-óige. Cuimhní agus fianaise ó shaol eile a bhí.



John Ghráinne Ó Duibheannaigh

lúcháir agus tógáil croí ar Sheán Ó Duibheannaigh – John Ghráinne – agus é ag déanamh ar an tSraith Bháin lena mháthair.

“Fear mór a bhí ionam a bhí ag dul ag saothrú airgid ar an Lagán.”

Is gearr a mhair an lúcháir nuair a bheireadh an stráinséir an páiste leis óna mhuintir agus a dhúchas chuig áit aineoil a raibh teanga, creideamh agus nósanna eile ann.

“Ní dhéanfaidh mé dearmad choíche ar an chumha a bhí orm an chéad tráthnóna sin. Shíl mé go mbrisfeadh mo chroí,” a deir John Ghráinne.

Níorbh fhearr scéal na dtuismitheoirí a bhí tar éis mac nó nighean leo a ligean ar airgead. Gan fios acu cá háit a raibh duine clainne leo, céard a bhí roimhe, cén cineál máistir a bhí air, an gcomhlíonfaí na geallúintí a rinneadh ar an aonach, an mbeadh a sháith le n-ithe aige, an mbeadh cead chun an Aifrinn aige. Ach ainneoin a dheacra 's a bhí sé páiste a ligean chun siúil, is dóigh gur rud riachtanach a bhí ann san am. Nós de chuid an ama sin ab ea an imirce. Dhíbir an bochtanas na sluaite, muintir na Gaeltachta ina measc. Na páistí go dtí an Lagán. Na

fir go hAlbain.

“Goidé eile a bhí le déanamh ag an mháthair bhocht,” arsa John Ghráinne agus trua aige do thuismitheoirí na linne sin.

“Dúimíodh na fir mhóra go hAlbain agus fágtai na máithreacha le scaifte mór páistí. Ar a laghad dá gcuirfí ar shiúl iad bheadh bia acu, agus bheidís ag saothrú cúpla punt.”

Is ag saothrú don bhaile a bhí na páistí a chuaigh amach ar an Lagán san am sin.

“Gach a shaothraigh mé go dtí gur phós mé níor liom é. Bhí mé ag saothrú don bhaile agus níor cheistigh mé an dualgas sin,” arsa John Ghráinne.

Streachailt agus Siorobair

Bhí droch-iomrá ar an Lagán. Bhí saol crua ag bunús na bpáistí. ‘Nuair a dhéanfaidh duine tagairt don Lagán, b’ionann sin agus sclábh-aíocht,’ arsa Mici Mac Gabhann i Rotha Mór an tSaoil. Chuaigh seisean go dtí an Lagán i 1874 agus gan ach naoi mbliana slánaithe aige. Seanchleachtadh a bhí ann faoi na 1930í nuair a bhí Mici Ó Dónaill agus John Ghráinne ag triall ann.

Bhí barúil ag Mici goidé a bhí i ndán dó. Ag tarraingt ar chúig bhliana déag a bhí sé nuair a chuaigh sé ann don chéad uair. Fuair sé obair le Protastúnach darbh ainm Campbell taobh amuigh den Ómaigh. An margadh a fuair a athair dó ná tuarastal £12 agus 6 scilling i gcomhair sé mhí. Chuir saibhreas na hÓmaí iontas ar Mhicí.

“Bhí a fhios agat go raibh siadsan saibhir agus go raibh muidine bocht. Sin mar a bhí an saol.”

Is ansin a fuair sé a chéad bhlas den ghiollaíocht. Scairteadh an

máistir air ar a sé ar maidin agus théadh sé amach ansin ag bleán na bó, mar bhí an bainne le cur go dtí an baile achan mhaidin. Chaitheadh sé a chuid eile den lá ag déanamh pé obair feirme a bhí le déanamh: cúram eallaigh, bualadh prátaí, buachaill-eacht, baint na móna. Bhíodh sé deireanach tráthnóna agus é ag teacht isteach.

“Dhéanfaidís iarracht obair fir a bhaint asat cé gur páiste a bhí ionat.”

Fuair sé a sháith le n-ithe. Bia simplí a bhí ann agus bhí bord faoi leith ann dó féin agus don chailín freastail. Seacht lá oibre a bhí air agus am saor le freastal ar Aifreann Dé Domhnaigh. Bhí seo ar cheann de na chéad choinníollacha a leag a athair síos agus é ag déanamh an mhargaidh.

‘Bhí tú i do phríosúnach ar feadh sé mhí’

Ba mhínic a bhailíodh gasúir agus girseacha na Gaeltachta ar an Lagán le chéile, agus is cuimhin le Mici cuid acu ag sileadh na ndeor leis an gcumha agus iad ag insint faoin drochíde a thug na feirmeoirí dóibh.

“Bhí tú i do phríosúnach ar feadh sé mhí ar a laghad,” a deir Mici, “agus dá n-imeodh tú roimh an am sin ní bhfaighfeá do thuarastal.”

Bhí páistí ann ar chlis an t-uaigneas agus an cumha orthu. D’imídís leo sna cosa boinn san oíche ag triall ar an mbaile agus gan a fhios acu cén treo a gcafaidís ná cén t-achar uathu fód a muintire.

Tar éis an tséasúir sin, d’fhill Mici ar an aonach hireála arís go ndearna sé margadh le feirmeoir ó Chill an Chlochair ar an taobh eile den Ómaigh ar £13. Ina dhiaidh sin, fostaíodh é i nDrumrara ar phunt

agus deich scilling in aghaidh na seachtaine.

"Bhí mé ag éirí níba láidre, níba ghlice agus níba'eolaí, agus lorg mé margadh níba'fhearr ach an uair."

Bhí feirmeoirí Drumrare an-chineálta leis agus d'fhan sé dhá bhliain ann. Idir na séasúir oibre chasadh sé lena mháthair ag an aonach i Leitir Ceanainn agus thugadh sé a pháigh ar fad di i gcomhair na bpáistí ab óige.

Bhí John Ghráinne 'breá aosta' dar leis agus é cúig bhliana déag ag triall ar an Lagán don chéad uair. Ní hionann agus bunús na bpáistí, fuair sé áit an-mhaith. Bhí sé ar aimsir ag lánúin Chaitliceach i Glenmacoffar trí mhíle ón nGoirtín ar £7.12s agus 6 phingne. Ní raibh clann ar an lánúin sin.

"Rinne siad a nduine féin díom agus shíl siad cuid mhór díom."

Chodail sé in aon teach leo, shuigh sé ag aon bhord leo, fuair sé bia maith uathu agus bhí an obair éadrom. Feirmeoirí bocht go leor a bhí sna daoine i Glenmacoffar, ceantar tuaithe cosúil le Rann na Feirste ach gan é chomh bocht leis.

San oíche, théadh John ag airneán le fear an tí, ach níor thuig sé mórán den chaint, agus fiú dá dtuigeadh níor spéis leis an t-ábhar. B'fhearr leis go mór bualadh leis na páistí eile ó na Gleanntaí a bhí gar dó agus an oíche a chaitheamh ag labhairt na

Gaeilge. Cé gur fhoghlaim sé roinnt Béarla ar scoil, chuir Béarla an Lagáin dá bhonn ar fad é.

"Scots a labhraídis ansin. Deireadh siad flur in áit floor, dur in áit door. Nuair a d'fhill tú ar an nGaeltacht ansin agus tú bródúil as do chuid Béarla, bhíodh do mhuintir ag gáire faoi."

Bíodh 's gur gheall John do mhuintir an tí go mbeadh sé ar ais, níor fhill sé ar Glenmacoffar ach trí scór bliain ina dhiaidh sin le páirt a ghlacadh i gclár teilifíse de chuid an BCC. Ní raibh athrú ar an teach, ach é druidthe agus fuinneog briste ar chúl. Bhuail cumha é agus é ag amharc ar an áit a mbíodh sé ina luí san oíche.

Cé go bhfuil áthas ar Mhicí agus ar John gur tháinig deireadh leis na haontaí hireála, creideann siad go raibh galeo le linn an ama sin.

"Rinne sé réidh na d'Albain, cleachtaithe le hobair chua agus le bheith scartha ó do mhuintir agus ó d'áit dhúchais. Bhí tú neamhspleách, láidir, glic agus bhí cúl-mhaith Béarla pioctha suas agat," maíonn Micí.

Mar a rinne a sinsear rompu, chuaigh Micí agus John go hAlbain ina strapairí móra sé agus ocht mbliana déag díaois.

"Ar philleadh abhaile domh ón Lagán bhí mé chomh bródúil asam féin," arsa John. "Bhí sé mhí caite agam ar an gcoigríoch ag saothrú airgid. Fear mór a bhí ionam agus Béarla agam agus airgead mór á

shaothrú agam.

Agus iad thar saíle, níor fhuaraigh an grá a bhí acu don dúchas ná don áit ab éigean dóibh a fhágáil de bharr an bhochtanais. D'fhill siad ar an bhfód dúchais lena glann a thógáil mar a rinne a sinsear rompu.

Deireadh Ré

Mhair na haontaí hireála go dtí an dara cogadh domhanda. Le linn an chogaidh, bhí postanna d'óg agus d'aosta sna monarchana in Albain agus i Sasana. Tuairiscíodh sa nuachtán áitiúil i mBealtaine 1948 nach raibh ach beirt bhan ar an aonach i Leitir Ceanainn ag lorg oibre. Ag an am sin, bheadh £50 le fáil ar shéasúir oibre. Deireadh ré a bhí ann, agus tús ré nua.

"Tá an áit seo chomh maith le háit ar bith eile anois, a deir John faoi Thír Chonaill agus beagán de chumha an tseansaoil air. "An rud is mó atá ar an áit seo anois b'fhéidir ná go bhfuil an iomarca airgid ann," ar sé.

Cinnte ní bheidh cuimhne ag oiread d'óige an lae inniu ar easpa ná ar ocra, ná b'fhéidir ar an mblas a bhíonn ar an mbeagán nuair a bhíonn an t-anlann gan.



LÁN AN STOCA!



Leanann Comhairle Chontae
Dhún na nGall
lena obair le feabhas a chur
ar ghréasán bóithre
an chondae.

Le 4,500 míle de bhóithre poiblí teastaíonn
infheistíocht caipitil le feabhas a chur ar an
ghréasáin.

D'scail Seachród Bhaile Dhún na nGall i
samhradh na bliana seo agus osclófar
Scéim Clar-Barnes i bhfómhar na bliana 2000.

Comhairle Chontae Dhún na nGall
Leifear, Co. Dhún na nGall
Teil: 074-72222 Faics: 074-41205

LÁRLEABHARLANN & IONAD EALAÍNE

Tá Lárleabharlann agus Ionad Ealaíne Chondae Dhún na nGall
suite ar choinéal Bhóthar Oilibhéar Phluincéad agus an
Príomhshráid Iochtarach, i gceardár bhaile Leitir Ceanainn.
Osclaíodh é i mí na Samhna 1995 agus tá ballraíocht de os cionn
9,500 aici.



Dé Fómair	10.30 - 5.30
Dé Mair	10.30 - 8.00
Dé Fómair	10.30 - 5.30
Dé Mair	10.30 - 8.00
Dé hAoine	10.30 - 5.30
Dé Sathúrn	10.30 - 1.00

Áiseann Eile

Nuachtáin le hÚla &
Irisleabhair
Foirmeach iarratas
(ceadúnas) sa
Ait Staidéir
Fótóchóipeáil
Éist le ceol, filíocht, leabhair ar chaisíní
sa leabharlann
Físeáin Nua
Scéalaíocht Réamhscóile
Áit Féin-thóglama

Eoinsí Eolais

Leabharlann Taighde
Trí mhseacháin
Balliúchá Staidéir Dhún na nGall
Nuachtán agus Mapaí Stairiúla
Stair Clainne
Eolas Pobail
Eolas ar Ghairmtreoir
Eolas Gnó
Foilseacháin Rialtais
Eolas Comhshaoil
Foilseacháin Comhshaoil

LARLEABHARLANN & IONAD EALAÍNE

Bóthar Oilibhéar Pluincéad,
Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall Teil/Fax: 074 - 24950
ríomh-phost: dglcolib@iol.ie




Tá ár gcuid catalóg ar fáil saor in aisce.

Cuir fios orthu.

Tá ár gcuid leabhar ar fáil tríd an bpost ó:
An Siopa Leabhar, (01) 478 3814

AN GÚM


Cúirt Fhreidric, 24-27 Sráid Fhreidric, Baile Átha Cliath 1
• Ríomhphost: gum@educ.irlgov.ie • Teil: (01) 889 2229



An Fhuinneog, a monthly window of opportunity for the learner, the improver and the native speaker who would like to read more in Irish, offers glossaries in English, excerpts from the best of Irish books, helpful tips and more.

Oscail An Fhuinneog agus féach isteach.

Y2K

 **Cathal Ó Cuaig paints a Y2K scenario, gives a little advice, and says talk about shutdowns and chaos shouldn't be taken lightly.**

1 MEAS TÚ céard a dhéanfaidh ríomhairí na cruinne an chéad lá den mhílaois nua? Ceaptar go dtitfidh córais go leor as a chéile go hiomlán. Tá ríomhairí eile ann a leanfaidh orthu ag obair mar is gnáth, ach tosóidh siad ag déanamh botúin i ngan fhios.

Tá an dá rud seo fíorchontúirteach. B'fhéidir nach n-oibreodh na soilse tráchta. B'fhéidir nach mbeadh na heitleáin ábalta eitilt ná tuirlingt. Tá roinnt comhlachtaí eitleán nach mbeidh ag eitilt ar chor ar bith ar an gcéad lá den mhílaois nua. Smaoinigh ar an bhfaitíos atá ar na stáisiúin núicléacha timpeall an domhain. Céard faoin Rúis, áit nach bhfuil móran airgid le caitheamh acu chun na córais ríomhaireachta a leigheas? Beidh go leor ina seasamh in aice leis na *passpoints* ag súil go dtosóidh siad ag tál airgid.

2 Tá na *microchips* atá taobh istigh de go leor d'uirlisí an teaghlaigh i mbaol teipe. Smaoinigh go bhfuil siad le fáil sa VCR, sa bhfón agus sa bhfaics. Trealamh ar bith a bhíonn ag brath ar dhátaí, tá seans ann go dteipfidh air.

Bíonn do chóras alairm ag brath go mór ar an dáta agus ba éasca siúl isteach i do theach agus tú fós ag ceiliúradh. Tá físeáin slándála CCTV i mbaol chomh maith, agus tá imní ar go leor go mbeidh an-fhonn ar ghadaithe breis oibre a dhéanamh an oíche sin dá bharr.

3 Is sna caogaidí a cuireadh síol na bhfadhb-anna seo. An uair sin, bhí na ríomhairí fíorchostasach, agus gan iontu ach cuimhne

bheag bhídeach. Is í an deacracht a bhí ag na chéad innealtóirí ríomhaireachta ná an íosmhéid cuimhne a úsáid. Bhí orthu an dáta a líonadh isteach sa ríomhaire, agus ceithre digit a úsáid. Cheapadar gur an-smaoineamh an chéad dá digit a fhágail amach ó tharla nach raibh móran gá leis. Cuireadh isteach 51 in áit 1951 agus mar sin de. Le hiompú an chéid ceapfaidh go leor ríomhairí gurb í an bhliain 1900 atá ann in áit 2000.

Má tá *Apple Mac* agat, tá tú ceart go leor. Chuimhnigh *Apple* ar an bhfadhb sna hochtóidí agus chuir siad caoi ar a gcuid ríomhairí. Agus lucht an PC? Má cheannaigh tú do ríomhaire le 10 mbliana anuas, ní cheaptar go bhfuil sé i mbaol. Má tá ríomhaire níos sine ná sin ag duine, is beag seans go bhfuil aon eolas tábhachtach á stóráil air ar aon nós.

4 Chuir an rialtas lús le feachtas mí Bhealtaine seo caite, chun cabhair agus treoir a thabhairt don phobal maidir le fadhb Y2K. Má tá aon cheist agat teigh chuig an suíomh www.enterpriseireland.com/Y2K nó is féidir glaoch a chur ar 1850 572000. Tá liosta le fáil ansin de na comhlachtaí ar fad a bhfuil seirbhísí Y2K dá dtairiscint acu. B'fhiú duit freisin cuairt a thabhairt ar www.2000aware.ie, suíomh ina bhfuil eolas faoin bhfadhb. Tá liosta acu de na bealaí ar feidir leat tástáil a dhéanamh ar do chóras ríomhaireachta, agus féachaint an bhfuil sé glan ar fhadhb Y2K. B'fhéidir go dtaitneodh www.cartoon2000.com leat, áit a bhfuil cartúin ghreannmhara. Is féidir leat cártaí a sheoladh chuig do chuid cairde agus iad a chur ar a n-aire.

- 1 ríomhairí na cruinne - computers worldwide
- córais go leor - many systems
- mar is gnáth - as usual
- i ngan fhios - silently
- soilse tráchta - traffic lights
- tuirlingt - land
- mílaois - millenium
- córais ríomhaireachta - computer systems
- ag tál airgid - pouring money
- 2 uirlisí an teaghlaigh - household appliances
- i mbaol teipe - in danger of crashing
- trealamh - equipment
- ag ceiliúradh - celebrating
- físeáin slándála - security videos
- an-fhonn - very eager to

SAOIRE SA BHRIOTÁIN



Congratulations to Máire Ní Laoire, Dúglas, Co Chorcaí. She's won *Cuisle's* week in France for four. If you are a subscriber to *Cuisle* and would like to holiday in the Manoir de Kereyet, ring now for a brochure: 00 33 2 96 21 59 75.

***Cuisle's* subscribers enjoy a 5% discount.**

3 síol - seed

- fíorchostasach - highly expensive
- cuimhne - memory
- Innealtóirí - engineers
- íosmhéid - minimum
- an-amaoineamh - a great idea
- gá - need
- lucht an PC - people who use PC

4 feachtas - campaign

- cabhair agus treoir - help and guidelines
- maidir le - regarding
- (ag) tairleáint - offer(ing)
- cuairt - visit
- tástáil - testing
- greannmhar - funny

SCIORRADH PINN

Each month, *Cuisle* brings you a moment from the best of Irish writing, with a generous glossary. If you're just discovering the world of Irish literature, we hope our choice will encourage you to continue your journey.

DEORAÍOCHT

Pádraig Ó Conaire

An Comhlacht Oideachais



ACH tá sé an-fhuar agus tá an phian ghránna sin i mo ghoile arís. Coiglim an chuid eile den arán. Tá an crústa chomh crua le cloch, ach is amhlaidh is fearr liom é, agus a laghad de atá agam. Is mór an sásamh dom na fiacla geala, géara a shá isteach ann. Fáiscim an cóta i mo thimpeall, agus greadaim liom go bhfuil allas liom, go bhfuilim beagnach ag

titim ón tuirse, go bhfuil an leathchos ag tabhairt uaithi, go bhfuil m'ascaill tinn scólta ón maide croise, go bhfuil orm mo scíth a ligean in áit éigin. Suím ar shuíochán mór cois na habhann (san áit ar ligeas scread an Fhir Bhig Bhuí an oíche úd a ndeachas amú sa cheo), ach táim róthugtha róthraochta le sin a thabhairt faoi deara; táim róthuirseach rólag leis an abhainn mhór dhubh atá ag sleamhnú tharam mar ollphéist fhuafar a thabhairt faoi deara. Ní fheicim an ollphéist úd a bhfuil na mílte míle solas, na mílte míle súil, na mílte míle cloch luachmhar ag dealramh ina chraiceann. Ní dhéanaim iontas ar bith di. Ní dhéanaim iontas ach díom féin.

Bhí breacadh an lae ann nuair a dhúisíos. Ní raibh a fhios agam céard a dhúisigh mé, ach cheapas gur sháigh duine éigin saighead i mo bholg. Ní raibh mé cinnte nach rabhas sáite gur osclaíos mo chóta agus mo léine. Ní raibh fuil ar bith le feiceáil. Bhí sé tamall maith gur ligeas orm féin gur ocras a bhí ag gabháil dom, agus gurb é an constábla a bhí ag gabháil thart a dhúisigh mé.

Gaile: haly	Scolta: irritated, burned
Coiglim: boil	Tugtha, trachtar trachtach
A laghad de: a little of	Chlárú: list, register
Sleamhnú: slip	Chlárú: list, register
Na fiacla a shá isteach: the teeth that go in	Chlárú: list, register
Titim: I am falling	Chlárú: list, register
Féicim: I see	Chlárú: list, register




THOSE OF US who polished our Irish through the works of the numerous Donegal writers of the earlier part of this century very soon learned that the geographical area known as Na Rosa in Donegal lay *idir an dá Ghaoth, Gaoth Dóbhair agus Gaoth Béara*. It is an amazing fact that not only did two of the best known of these writers hail from the one townland in **Na Rosa**, Rinn na Feirste, but also came out of the one family. I refer to the brothers Ó Grianna, Séamus, who wrote under the pen name Máire, and his brother Seosamh. As they were not even able to agree on the form of their own surname it is hardly surprising that neither could decide on the spelling of their homeplace, as both uses the forms **Rinn na Feirste** and **Rann na Feirste** fairly arbitrarily.

Rinn na Feirste is the correct historical form, but the rules of pronunciation have made it almost indistinguishable from the alternative written form. The word *rinn* means a point or tip, as in *rinn sleá*, a spear point, and in placenames it refers to a point of land, or a headland. The final element of Rinn na Feirste is the genitive of *fearsaid*, which indicates a tidal ford, that is, a ridge of sand across an estuary which is passable during certain tidal conditions. *Fearsaid* is of course the second element of Béal Feirste.

The *fearsaid* in Rinn na Feirste is

a sandbank across the estuary of Gaoth Dóbhair. This *fearsaid* or tidal form was of immense importance in the past as it formed part of the coastal route around West Donegal between Dún Fionnachaidh/Dunfanaghy and Ard an Rátha/Ardara before the present roads were built in the last century.



The element Rinn is found in various coastal names around the country. **An Rinn** in Port Láirge/Waterford is an abbreviated form of Rinn Ó gCuanach, the headland of the Ó Cuanach family. The full form is still used officially in the name of the parish. **Rinn Duáin**, the headland of Duán, in the neighbouring county of Loch Garman/Wexford derives its name

from the early saint Duán or Dubhán. The word *duán* means a fishing hook, and this led to the placename Rinn Duáin being mistranslated as Hook Head.

Rinn na Spáinneach/Spanish Point in Co. Clare commemorates the Spaniards who perished there. Ringsend in Dublin is now simply An Rinn, but earlier written forms of the name indicate that it may originally have been **Rinn na bhFaoileann**, the headland of the seagulls, a most appropriate name for it.

Two places in Co Galway bear two very similar names in English, Rinvyle and Rinville. Rinvyle, now a popular tourist haunt in north Connemara, derives from **Rinn Mhaoile**. The second part of the stream refers to a tidal stream, *maoil(e)*, which also gave its name to the island of Oileán na Maoile just off the point. *Maoil* is found in the name of **Sruth na Maoile** between Ireland and Scotland where the Children of Lir, according to the tale, spent three hundred years. Rinville, at the head of Galway bay near Oranmore, is Rinn Mhíl, whale's point, and is almost identical in meaning to **Ros an Mhíl** (see *Cuiste Samhain '99*). **Cuan na Gaillimhe**/Galway Bay was not a good place for whales with faulty radar systems.



Seosamh Mac Muirí continues his investigation of Irish surnames and tells us about surnames derived from the clergy, from craft and about Mac an Chabáiste

Mac@nas.SMM

Sloinne Eaglasta

Is soiléir imirt na staire ar shloinne na tíre. Ráiteas lom, déarfá. Ach amharcaimís ar na sloinne seo a leanas:

Mac an Aba	Mac an Bhioicair
Mac an Chléirigh	Mac an Phearsain
Mac an Phríora	Mac an tSagairt.

Tá gnéithe de stair na Críostaíochta go feiceálach sna sloinne seo thuas. As an Laidin na príomhfhocail ba bhun le sloinne den chineál sin: abbas, vicarius, clericus, decanus, episcopus, monachus, maior, persona, prior, sacerdos.

Murach an tsaoirse a lean an phlá i 666 A.D., ní bheadh mac ag sagart ná ag easpag, ná ní bheadh aon sloinne dá gcineál ina ndiaidh ar ball. Mar a tharlaíonn, is cosúil go raibh sliocht orthu, agus is cinnte gur sliocht orthu na sloinne buana a bhfuil a leathbhreac Béarla ann go dtí an lá inniu:

McNabb, McVicker, Cle(a)ry/Clark(e), McEneany (agus Bird), Deane, McAnespie/Conisbee/ Bishop, McEvanney/McCavana(gh)/Monks, Weir, McPherson/Parsons, Prior, McEntaggert/Taggart/Teggert/Tiger.

D'fhéadfaí sloinne eile a rangú leis an aicme chreidimh, mar shampla, Mac an Airchinnigh>McInerny agus Mac an Druaidh>Drew/Drury, dhá ainm a fáisceadh as an nGaeilge, *airchinn* agus *druí*. Agus ós ag caint ar shliocht na cléire é, ní féidir gan tagairt a dhéanamh d'údar *Roadsigns*, an tUasal Mac Giolla Easpaign.

Ceird

LIOSTA GAN ÁIREAMH is ea na sloinne Gaeilge a bunaíodh ar cheird, íseal nó uasal. Níl anseo ach blaísín díobh.

Mac a' Bhiaitaigh> Mac Evitie/MacAvitty/MacVitty
>Beatty
Mac an Bhreitheamhan> Mc Brehon> Brehoney>
Abraham> Brohoon> Judge/Dempster
Mac a' Bhriuthainn> Mac Brayne> Brown.
Mac a' Fhleastair> Mac Inleister> M'Lester> Fletcher
(agus Lister)
Mac an Fhucadair> Mac Nucator> Waulker> Walker
Mac an Ghabhann agus Mac a' Ghobhainn>
M'Goen/Mac Gowan/Smith
Mac an Leagha> Mc Alea> Mc Clay> Mc Lee>
Lee/Leech/ Leigh
Mac an Mhílidh (de Stonndún)> Mc Evilly
Mac an Stocaire> Mac Instocker> Mac Stocker>
Stalker agus Stafford.
Mac an tSaoir> Mac Ateer> Wright agus Freeman.
Mac an Tuairneir> Macinturnerr> Mac Tournerr>
Turner.
Mac na Ceardaich> Mc Hardy> Hardy.

Ó Cnámhsighe/Mac Cnámhsaigh> O Kneafsey/
McCrampsie> Boner/Bonnar.

Ó an Cháintigh> O'Encantie> Canty.

Bunaíodh *Canty* ar *Cáinteach*, rud a chiallaíonn duine a bhí ag plé le filíocht nó leis an gcléir cáinte, mar a thugtaí orthu. Sloinne eile díobh sin thuas, Mac an Bhreitheamhan, tá gaol sanais aige le *Dempster* Chontae an Dúin. Comhshamhláíodh *Dempster* agus *Dempsey* in ammanaí, rud ab ionann ar bhealach agus Mag Dhíomasagha (> Mc Gimpsey).

Bhain gairm na cúirte le teaghlach eile seachas Clann an Bhreitheamhan, teaghlach a nglaothaí *Mac Biorthagra* orthu. Tá dhá ghné sa sloinne féin, *Bior+ tagra*, (= géar+ agairt). Rinneadh Berkery, Baragrea agus Berragrea de. Bhíodar faoi iomrá sa Mhumhain agus in oirthear Uladh tráth. Is sa dá áit chéanna sin is mó atá siad faoi chló an Bhéarla, *Berkerry* agus *Baragry* agus foirmeacha eile, inniu féin.

Ó hÉilidhe agus Ó hÉalaithe

Is beag idir leasainm agus sloinne. Chuala cuid againn leithéidí *Dunt* ar mhuintir Chonalláin agus *The Sowdawn Hayleys* ar mhuintir Éilidhe in íochtar Chonnacht, *Spud* ar mhuintir Mhurchú, *Clann tSuibhne na Miodóg* ar Chlann tSuibhne agus mar sin de.

Sílím gur *sabhdán* is ciall leis an dara leasainm, ach ní fheadar mé céard a ghin leasainm na gConallán ná leasainm mhuintir Uí Mhurchú. Dream amháin nach raibh easpa leasainmneacha orthu ab ea muintir Éalaithe na Mumhan. Áiríodh seacht n-aicme ar a laghad díobh i gContae Chiarraí agus i gCorcaí.


Éalaithe Seamhrach i bparóiste Chill Gharbháin
Éalaithe Gruama i bparóiste Bhaile Bhúirne
Éalaithe Ceirisc (Éalaithe Mhic Fhiarais)
Éalaithe Sagairt
Éalaithe Ceart
Éalaithe Cabáiste
Éalaithe Seana-hata

Na Seamraigh agus na Gruamaigh an dá dhream ba mhó le rá díobh lena linn. An tríú aicme díobh, na Ceirisc, is ar an sloinne buan *Mac Fhiarais> Kerrisk* (Ciarraí) agus *Keirse* (Co. An Chláir) a bunaíodh é. Ón ainm baiste *Peter* a tháinig Fiaras, is é sin, *Peter> Piers> Piaras> Phiaras> Fiaras*. Níl mé a rá nár bunaíodh sloinne ar aon cheann eile de na leasainmneacha thuas. Cá bhfios, ach ba dhoiligh *Mac an tSeana-hata* nó *Mac an Chabáiste* a shamhlú mar shloinne!

Earráid

Ba mhait linn earráid eagarthóireachta a cheartú (Mac@nas Cuisle na Samhna, Ioh 33). An abairt seo a chur isteach tar éis "ac Fhuathaláin": 'Meastar anols roinnt sloinne a bheith ar an dul céanna, sloinne nach gá go mbíodh an foirceann '-án' leo: Ó Nuadhan > Noone; Ó hAnainn > Hannon; Mac Canann > McConnon; Ó Neachtáin > Naughton (agus > Norton; Ros Cornáin).'

Mobile Phone: Use and Abuse

 The mobile phone is as much a part of technological advance today as television, the humble toaster and compact disks were in their day. But much uncertainty surrounds the level of radioactivity emitted by the mobile phone, and its possible effect on the user's health. Pending further research and observation the best advice seems to be: 'use don't abuse'.

1 IS ÁIS MHAITH é an fón póca: is minic an t-iriseoir ina mhuinín. Is amhlaidh don dochtúir, agus do go leor eile. Cúnamh i gcomhair na hólbre atá sa bhfón póca, agus tugann sé saoirse don duine ina shaol pearsanta freisin, ach é a úsáid i gceart. Ní gá faoight sa mbaile le glaoch a chur. Ní gá go mbeadh duine in áit faoi leith le go dtiocfadh a chuid cairde air.

Ach tagann cúrsaí sláinte i gcaist leis an bhfón póca. Tá imní ar dhaoine go ndéanfaidh an raidghníomhaíocht mhicreatonnach dochar dóibh. Tá an fón póca níos lú ná deich mbliana ar an saol. Fágann sin gur beag eolas atá againn faoin tionchar fadtéarmach a bheas aige ar an tsláinte.

2 Is ón Dara Cogadh Mór i leith a tháinig forbairt ar an raidghníomhaíocht mhicreatonnach mar theicneolaíocht. Bhaist Dwight Eisenhower, uachtarán Mheiriceá, 'The Military-Industrial Complex' ar an bhforbairt teicneolaíochta seo. Más é an t-arm is túisce a bhain úsáid as, tá sé ar fáil do chách le blianta beaga. Tá fianaise ann go mbíonn tionchar fadtéarmach ag léibhéal íseal raidghníomhaíochta micreatonnaigh ar an duine. Beirt eolaí atá chun tosaigh sa taighde ná Henry Lai agus Noranda Singh in Ollscoil Washington, Meiriceá. Fuair siad amach gur bhris an DNA mar gheall ar an iomarca raidghníomhaíochta. Tá tuairim ag Sing agus Lai go bhfuil baint idir an raidghníomhaíocht mhicreatonnach agus galar Alzheimers.

3 Téann an fón póca i bhfeidhm ar bhéasa an duine éomh maith.



Tá sé cruthaithe ag na heolaíthe go gcuireann sé tinneas cinn ar dhaoine. Cuireann sé réal ar an gcuimhne ar dhaoine eile. Ní hé an duine an t-aon ainmhithe a gcuireann an raidghníomhaíocht mhicreatonnach isteach air. Moncaíthe ar deineadh tráiteacha orthu, ní raibh an dúil chéanna sa bhia acu, agus iad marbhánta.

Mar a tharlann i dtionscail eile, tionscail an bhia ginchóirithe, cuir i gcás, is iad lucht an tionscail atá i mbun na taighde don chuid is mó. Bíonn deacrachtaí ann dá bharr seo, moill i bhfoilsíú na dtorthaí, cuir i gcás. I 1995 rinne an tAstrálach Michael Repacholi triail ar luchtain. Ach níor fógraíodh na torthaí go dtí 1997.

Tá airgead mór le déanamh ar earraí teicneolaíochta, an fón póca ina measc, agus tá coimhlint ghéar ann idir na comhlachtaí éagsúla le custaiméir nua a mhealladh.

CNÁMH SPAIRNE
Teachers and learners will find CNÁMH SPAIRNE a likely corner to spark off some lively classroom debate. This month Anton Mac Cába ponders the mobile phone.

- 1 Áis: commodity
- Fón póca: mobile phone
- Iriseoir: journalist
- Ina mhuinín: dependant on
- Is amhlaidh do: The same can be said of
- Saoirse: freedom
- Saol pearsanta: private life
- Áit faoi leith: a particular place
- Sláinte: health
- Imní - worry
- Raidghníomhaíocht mhicreatonnach: micro-radioactivity
- Tionchar fadtéarmach: longterm effect
- 2 Forbairt: development

- teicneolaíocht: technology
- Baisteadh: to name, baptise
- Is túisce: first
- Le blianta beaga: in recent years
- Fianaise: evidence
- Eolaí: scientist
- Chun tosaigh: to the forefront
- Taighde: research
- Tuairim: suspicion
- Galar: disease

- 3 dul i bhfeidhm ar: affects
- béasa: behaviour
- cruthú (cruthaithe): prove(n)

- néal a chur ar an gcuimhne: to impair the memory
- dúil sa bhia: appetite
- marbhánta: listless
- bia ginchóirithe: genetically modified foods
- lucht an tionscail: people inside the industry
- deacrachtaí: difficulties
- moill: delay(s)
- foilsíú na dtorthaí: publishing the findings
- coimhlint ghéar: stiff competition
- mealladh: to win

AN BÉAL BEO

Antaine Ó Faracháin

An Clár Bog Déil

Bhí mé ag bailiú focail amhrán le deireanas nuair a thug mé rud éigin spéisiúil faoi deara faoin amhrán 'An Clár Bog Déil'. D'fhoghlaim mé féin an t-amhrán seo blianta ó shin ón gceirnín 'An Aill Bháin' le Seán 'ac Dhonncha (Johnny Jó Phaitsín) (Ceirníní Cladaigh, CC9) ach nuair a bhí mé ag éisteacht leis arís á chasadh aige ar an dlúthdhiosca 'An Spailpín Fánach' (Cló Iar-Chonnachta, CICD 006, 1994) thug mé faoi deara go raibh an dá leagan difriúil ó chéile. Ar 'An Spailpín Fánach' casann sé dhá véarsa nár chas sé ar 'An Aill Bháin'. Ar 'An Aill Bháin' is iad na véarsaí 1, 2, 3, 8 thíos, atá ann agus ar 'An Spailpín Fánach' 'siad na véarsaí 1, 3, 6, 7 thíos, atá ann.

Leis an scéal a dhéanamh níos casta fós, d'éist mé le taifeadadh atá agam de Johnny Mháirtín Learaí Mac Donnchadha ag casadh i gCorn Uí Riada sa mbliain 1981. Casann seisean na véarsaí 1, 2, 3, 4, 5, 8 thíos. Véarsaí áille iad 4 agus 5 seo freisin.

Seo mar a bheidís agus iad ar fad curtha le chéile, an dá leagan a bhí ag Johnny Jó Phaitsín agus leagan Johnny Mháirtín Learaí :

Is a chailín, an dtiocfa chun an aonaigh liom?
'Gus a chailín, an dtiocfa faoi shléibhte liom?
'Gus a ainmír na ngealchíoch is na mbradán trom,
Go dté mé i dtalamh beidh gean a'am ar do chomhrá liom.

'S an cuimhin leat an oích' úd ar Shliabh na mBeann?
Nó an cuimhin leat an oíche a raibh an fiach sa ngleann?
Ach anois ó dalladh m'intinn is gur liath mo cheann,
Ó ní cliú duit mé a dhiúltú 's tá an bhliain seo gann.

Ní codladh é mo chodladh is ní suan mo néal,
'Gus an tionúr féin níor chodail mé den oíche aréir
Leis an arraing atá a' gabháil trasna trí lár mo chléibh
Ó 's a Mhic Muire a' bhfuil duine 'r bith beo mar mé!

Is i gGaladh Mhuighinse seal a bhímse go ságach sách
Ag breathnú síos ar an gcailín aoibhinn atá ar chiumhais na trá.

Is gile a dá chíoch ná an sneachta ar thaobh cnoic nó an clóca a bhíonn bán,

Is ní Laighneach mé ach Muimhneach ó Chondae an Chláir.

Is a dheartháir dhá bhfeicfeá ag an teampall í
A cúl gruaige a bhí ag scuabadh ina ghleannta fraoigh.
Bhí ribín deas uaithne ar a ceann mar mhnaoi,
'Sé mo léan dóite nár pósadh go hóg liom í.

Bun an ghiolcaigh a bhéarfainn dhuitse agus barr an fhraoigh,
Deoch an uisce de bharr na linne lena mbáitear lín,
An arraing chapaill go dté trasna trí lár do chroí,
A bhodaigh thuataigh is tú a dhiúltaigh do sháith de mhnaoi.

'S ná síligí gur íseal ach is uasal mé
'S ná síligí gur mar shíogaí a fríothadh mé,
Sínidh síos liom seal den oíche agus cuartaídh mé,
Ó 's gheibhfinn scríofa ar mo thaobh deas gur bráthair mé.

Dar an ionaid lena suimse ar a' stól seo síos,
Is dar an ghloine 'bhíodh ag gabháil eadrainn, a stór mo chroí,
Mo ghalar dubhach gan mé 'gus tú, a ghrá mo chléibh,
I gCaiseal Muimhneach 's gan de leaba fúinn ach an clár bog déil!

Ar ndóigh tá leaganacha eile den amhrán seo taobh amuigh de Chonamara freisin. Féach an leagan atá ag Finola Ó Siochrú ar a dlúthdhiosca 'Searc mo Chléibh'. Tugann sí an t-aistriúchán 'The Soft Deal Board' ar an teideal ach an míniú a chuala mise air seo ná go raibh 'bog deal' i gceist. 'Sé sin an t-adhmad 'deal' a bheadh sa bportach (bog). Úsáidtear fuaim an Bhéarla don fhocal bog san amhrán seo i gConamara. Ní cheapfainn go mbeadh sé chomh bog sin agus daoine ina luí air!

Maidir leis na leaganacha Ultacha de, féach mar shampla 'Róise na nAmhrán' (Róise Bean Mhic Grianna) atá ar fáil ar an dlúthdhiosca a chuir RTE amach dar teideal 'Róise na nAmhrán, Songs of a Donegal Woman' (RTE CD 178).

Comhghairdeas le Cróna Ní Riagáin, Na Gleanntaí. Bhuaigh sí ceirnín le Micheál O'Rourke. Comhghairdeas freisin le: Míci Walsh, An tIúr, Co Ard Mhacha; Aisling Bhreathnach, Cill Chiaráin, Co na Gaillimhe; Tomás Mac Samhráin, Sligeach. Tá cóip an duine de Ghlor Mhuigh Eo ag dul dóibhsan.

COMÓRTAS NA MÍOSA:

Tá cóip amháin den leabhar 'The Sacred Isle, Belief and Tradition in Pre-Christian Ireland' le Dáithí Ó hÓgáin le buachaint ach an cheist seo a threagairt: Cén céadchodán de dhaltá Ardteiste Thír Chonaill a cheapann go bhfuil deiseanna fostaíochta ann dóibh sa mbaile?

Freagraí chuig: Cuisle, Casla, Co na Gaillimhe



Ó na Bronx go Brooklyn

Níl Rudy Chomh Maith Sin

TÁ AN-CHÁIL AR RUDY Giuliani, maor Nua Eabhrach, mar gheall ar íslíú ar rátaí dúnmharaithe is coireanna tromchúiseacha eile sa chathair. Nuair a bhain sé post an mhéara amach bhíodh tuairim is dhá mhíle dúnmharú in aghaidh na bliana ann. Anois bíonn tuairim is sé chéad. Ní dóigh liom, áfach, gurb eisean ba chúis leis an athrú ina iomláine, mar tháinig biseach ar rátaí coireanna tromchúiseacha in a lán cathracha eile i Meiriceá le linn na tréimhse céanna. Leis an bhfeabhas a thuiscint, caithfidimid breathnú ar chúrsaí eile — crac cóicéin, agus caiteachas Chlinton le líon na bpóilíní sna cathracha a mhéadú.

Tháinig Rudy chun tosaigh nuair a ceapadh ina aighne fiodrálach é i Nua Eabhrac i 1983. I 1989 sheas sé i dtoghchán an mhéara don chéad uair, is d'éirigh leis sa toghchán dar gcionn i 1993. Faoin am sin, bhí cáil an mhisnigh air, toisc a chuid oibre in aghaidh leithéidí an mafia agus cáimiléireacht sa rialtas áitiúil.

Bhí amhras ar chuid des na daoine faoin úsáid a bhainfeadh sé as a chuid údaráis. Anois, tá go leor fianaise againn gur thug Rudy cead a gcinn dos na póilíní agus gur tugadh cúl láimhe arís is arís eile do chearta sibhialta le linn cuardaigh is ceistithe. Agus tá go leor fianaise eile againn nach dtuigeann sé saoirse cainte, nó nach bhfuil sé róthugtha di.

"Is léir go mbeidh Rudy Giuliani ina iomaitheoir don suíochán a fhágfaidh Daniel Patrick Moynihan folamh sa Seanad"

Ach tá an-tacaíocht aige i measc an phobail. Go háirithe is áil le coimeádaigh geala duine tréan a bheith i gceannas. Is léir go mbeidh Rudy Giuliani ina iomaitheoir don suíochán a fhágfaidh Daniel Patrick



Des Johnson

Moynihan folamh sa Seanad sa bhliain seo chugainn. Agus fiú má tá Hillary Clinton in iomaíocht leis, tá an-seans aige an suíochán a bhuaichaint.

Gan amhras, tháinig íslíú mór ar líon na gcoireanna sa chathair. Ach mar a léiríonn an tábla, tháinig feabhas ar na rátaí sa tír iomlán:

Rátaí Coireanna Tromchúiseacha 1980-1996 (Stát Aontaithe)*					
Bliain	1980	1985	1990	1995	1996
Líon na gCoireanna	5,950.0	5,207.1	5,820.3	5,275.9	5,078.9
Laghdú sa tréimhse	14.6%				
*(Figiúirí in aghaidh gach 100,000 de dhaonra)					

Is léir go raibh athrú ag tarlú go forleathan sa tír. Cúis mhór leis sin gur cuireadh le líon na bpóilíní ar na sráideanna, faoi pholasaí Chlinton, is gur athraíodh stíl na póilíneachta. Deineadh iarracht le póilíneacht sa chomharsanacht a chur i bhfeidhm, go mbeadh póilíní ar na sráideanna sa seanstíl, is ní hamháin i ngluaisteáin.

Tá sé sin go hálainn, ach céard faoi rátaí na gcoireanna i Nua Eabhrach? Gan amhras, má chuirimid rátaí dúnmharaithe sa chathair san áireamh, tá an laghdú i bhfad níos suntasaí ná an uimhir sa tábla. Tá laghdú tuairim is 70% ar ráta na ndúnmharaithe ó na 1980í go dtí an lá inniu.

Gan amhras, maíonn Rudy gurb eisean is cúis leis an bhfeabhas. Ach cén chaoi a mbíodh na rátaí seo níos faide siar? Tá rátaí an lae inniu ar aon dul leis na rátaí a bhíodh sa chathair sna 1960í. Is léir gur chun donais a chuaigh an scéal, go háirithe sna 1980í is go luath sna 1990í. An raibh milleán ar mhéaraí na cathrach san tréimshe sin? Dob áil le coimeádaigh

a rá gurb iad ba chiontach, is go raibh méaraí Daonlathacha mar Koch is Dinkins róliobrálach, róbhog.

"Dhíol máithreacha a gcuid cailíní óga le crac a cheannach"

Rud nar thuig Koch nó Dinkins, nó a lán eile, ná an tionchar a bheadh ag crac cóicéin nuair a tháinig sé ar an saol. Amhail an grá sa seandán, Nuair a théas sé fán chroí, cha scoiltear as é go brách. Má úsáideann tú an druga san uair amháin, deir-

tear, beidh tú i ngéibhinn aige ar feadh do shaoil. Dhíol máithreacha a gcuid cailíní óga le crac a cheannach. Dúnmharaíodh na mílte ar an gcúis chéanna. Is leis na tuillte airgid a bhí á n-íoc ar chrac, phléasc cogáí na mbuifonta drugaí thart timpeall na tíre.

Tá na mílte tugtha don chrac go fóill. Ach ag laghdú atá an figiúr san de réir mar a chailltear daoine. Tá an faisean sin thart, agus is ar dhruanna eile a chasann na daoine anois, drugaí nach mbíonn chomh baolach le crac. Gan amhras, d'éirigh go maith le Rudy leis na coireanna beaga — ól ar na sráideanna, fual poiblí, daoine ag trasnú na sráide gan aird ar na soilsí tráchta. Ach dob é crac an chúis leis an bhfás i rátaí na ndúnmharaithe. Maidir le Rudy féin, tig linn a rá: dá éis ach ní dá bharr a tháinig an laghdú ar na rátaí san. Rudy molta nó a mhalairt, is cuma, ach is trua go gcreideann an oiread san daoine gur éirigh lena dhearcadh is a pholasaithe i leith coireanna móra.



AN CHÉL

Seo TÁR CHLÓID, áit chompoideach cois tíne don túsúlaeol ríogal
con pháistíe. Tarraing suas do chathair Fálte isead!

Draíocht na Nollag

Christmas excitement starts early in the month in the infant school. Children are making Christmas cards, preparing the school play and the children are choosing presents for their children even for little ones. It is important to remember the real meaning of Christmas and keep the commercial machine at bay.

Is é seo an t-áit chompoideach cois tíne don túsúlaeol ríogal con pháistíe. Tarraing suas do chathair Fálte isead!

Christmas excitement starts early in the month in the infant school. Children are making Christmas cards, preparing the school play and the children are choosing presents for their children even for little ones. It is important to remember the real meaning of Christmas and keep the commercial machine at bay.

It is important to remember the real meaning of Christmas and keep the commercial machine at bay.

It is important to remember the real meaning of Christmas and keep the commercial machine at bay.

It is important to remember the real meaning of Christmas and keep the commercial machine at bay.

It is important to remember the real meaning of Christmas and keep the commercial machine at bay.

Litreacha chuig Rua



'A pháistí mo chroí, nach orm atá an gliondar! Fuair mé bhur gcuid litreacha deasa. Seo péire díobh. Tá siad léite ag Máirín freisin, agus tá Nua ag foghlaim le léamh.'

39 Bealach Phetrie
Bóthar Uí Dhonnabháin
Doire, BT 48 8 PW

A Rua, a chara,
Is mise Eimhear agus tá mé cúig bliana d'aois. Ba mhaith liom a bheith i mo ghruaigeadóir nuair a bheas mé mór. Tá gruaig fhada, dhonn orm.
Slán, a Rua, ó Eimhear.

24 Seisiú Dhonnchaidh
An Cheapach, Dún Geanainn
Tír Eoghain BT 10 2PF

A Rua, a chara,
Seo Loinnir. Tá mé ag foghlaim peannaireachta ar scoil. Nuair a bheas mé mór, ba mhaith liom a bheith i mo ghruag aige ar feadh cúpla lá agus i m'ealaíontóir na laetha eile. Ba mhaith liom leabharthaí a

scríobh, a mhaisiú, agus a dhéanamh. Ba mhaith le mo dheirfiúr bheag Séimhín a bheith ina gruaigaire chomh maith agus cartúin a dhéanamh. Tá Séimhín beagnach 4 bliana d'aois. Tá Lóchrann bliain agus ocht mí, agus tá Dearcán naoi seachtainí anois.
Slán
Loinnir Ní Dhonghaile

Rua agus an Fear Guail

TRÁTHNÓNA FUAR geimhridh a bhí ann. Bhí sneachta geallta, agus gaoth ghéar aduaidh ag feannadh an Bhaile Mhóir. Bhí cuirtíní na Clúide dúnta, agus Rua istigh cois tine, geansaí mór bán air, agus stocaí fada dearga. Ag éisteacht leis an raidió a bhí sé, agus muigín bainne te lena thaobh. Ath-tiú! Lig sé sraoi: bhí slaghdán air.

"Meas tú cá bhfuil Máirín agus Nua, nó an mbeidh siad i bhfad eile?" arsa Rua leis féin.

Thóg sé an buicéad le tuilleadh guail a chur ar an tine.

Bhí an buicéad folamh.

"Mmm," arsa Rua leis féin, "caithfidh mé an buicéad a líonadh."

D'éirigh Rua go mall, chuir air a chóta, agus amach leis chuig an scioból. Bhí dorchadas na hoíche ann, ach d'éirigh leis solas a lasadh. Ní raibh le feiceáil sa scioból ach seanmhála stróicthe agus gan tada ann.

"Meas tú an bhfuil gual ar bith ann?" ar sé.

Bhreathnaigh sé faoi agus thairis. Oiread agus unsa guail ní raibh sa scioból.

"Dia á réiteach," arsa Rua, "tá an gual ídithe agus an tine ar an dé deiridh."

Ar ais le Rua sa teach. Chuaigh méaracha fuara na gaoithe ar fud na cisteanáí sular dhún sé an doras. Ath-tiú! Lig sé sraoi.

"Caithfidh mé gloach ar fhear an ghuail" arsa sé.

Amach le Rua sa halla chuig an bhfón.

"Mmm, meas tú cá bhfuil an uimhir?"

Bhí an uimhir ar chárta beag buí, ach bhí Rua gan a chuid spéaclóirí.

"Mmm," ar sé go mall leis féin, "meas tú cá

bhfuil mo chuid spéaclóirí?"

Bhreathnaigh sé i bpóca a chóta. Tada. Ar bhord na cisteanáí. Tada. Ath-tiú! Lig sé sraoi. Isteach leis chuig an tine. Bhí an tine ag dul as. Bhreathnaigh Rua ar an matal. Is ann a bhí na spéaclóirí.

"Mmm," ar sé, "dá mbeadh an cárta beag buí agam . . ."


Fuair sé an cárta in aice leis an bhfón. Ach ní raibh freagra ar bith nuair a ghlaoigh sé. Chuaigh sé ar ais sa gClúid agus choigil sé an tine beagán. Chrom sé síos, agus chuimil sé an dá chrúb dá chéile.

"Meas tú an mbeidh Máirín agus Nua i bhfad?" ar sé.

Sheinn clog na Clúide sé bhuille.

Nuair a tháinig Máirín agus Nua bhí sé fiche chun a seacht.

"Dia á réiteach," arsa Rua, "cá raibh sibh? Tá an tine imithe as agus gan gual ar bith sa





gual sa scioból.

"Is gearr go mbeidh tine bhreá ann," arsa Máirín.

Nuair a bhí an tine fadaithe, shuigh Rua, Nua agus Máirín síos, agus rinne siad a ngor.

"Is deas í an tine," arsa Máirín.

"Bhí sibh an-deireanach," arsa Rua.

"Tá cantal ar Rua," arsa Nua.

"Tá muis," arsa Rua.

Ath-tiú! Lig sé sraoi.

"Deiseal," arsa Máirín.

"Bhuel," arsa Rua, "is fearr deireanach ná go brách."

Agus rinne sé méanúch na seanleon mantach.

teach."

Ath-tiú! Lig sé sraoi.

"Ó, a Rua," arsa Máirín, "tá tú préachta, a chréatúir. Ag cean-nacht bronntanaisí Nollag a bhí muid."

"Go leor bronntanaisí," arsa Nua.

"Bronntanaisí Nollag?" arsa Rua, "cén mhaith bronntanaisí agus gan gual sa teach?"

"Ná bac," arsa Máirín, "tá fear an ghuail anseo."

Tháinig fear an ghuail isteach. Bhí a aghaidh chomh dubh leis an oíche, agus mála mór guail ar a dhroim. Bhí torann an leoraí guail le cloísteáil taobh amuigh, doras na Clúide ar oscailt, agus fuacht na hoíche ag breith ar an teach. Ath-tiú. Lig Rua sraoi. Chuir an fear an



Lá

Bun

www.nuacht.com

Nuachtán don tréú mílaois






pobal





forbairt



teanga

cultúr



*ag obair ar son phobal
na Gaeltachta agus
na Gaeilge*



Údarás na Gaeltachta

*Údarás na Gaeltachta
Na Forbacha, Gaillimh.*

Teil: (091) 503100 Facs: (091) 503101

Ríomhphost: eolas@udaras.ie

<http://www.udaras.ie>